The initial phase of roof and safety works were completed in 2020. Preparation for the second phase Rotunda Repairs and further internal upgrades has been progressed and awaiting relaxation of Covid-19 restrictions to proceed on site. The Capital Project Strategy for the overall fabric conservation, accessibility and services and the presentation of the museum collection is at the preliminary plan stage.

National Library

The West Wing investigations (Phase 2A) for the Reimagining of the National Library project was completed in 2020, informing the ongoing preparation of documentation for the next phases, the West Wing External Fabric Contract and the follow on proposed new extension and provision of public exhibition spaces, facilities and universal access for all. Various enabling works within the National Library estate were also progressed to allow the Library to continue to function during the main construction.

National Gallery

There is an ongoing programme of minor upgrade works that continued in the National Gallery Complex through 2020. The next phases of major capital works planned for the Gallery are currently under review.

Crawford Gallery

The Crawford Art Gallery is a leading light in the National Cultural Institution Investment Programme due to progress made in the past year. It is the first Cultural Institution to have established a Steering Group and to have agreed a tripartite Memorandum of Understanding with the OPW and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. The next milestone in this project is the completion of the Final Business Case, and to this end a procurement competition to appoint an Architect Led Integrated Design Team Services for the Redevelopment of the Crawford Art Gallery and surrounding Public Realm is currently underway and an appointment is expected early in the second half of the year.

National Concert Hall

The National Concert Hall redevelopment project is currently nearing the completion of its business case. A sketch scheme proposal has been prepared of the various options by the OPW for the business case. Substantial site investigation and opening up works were carried out in the second half of 2020 to assess the historic fabric and the structural integrity of the various building elements within the complex. Specialist services were appointed to inspect the condition and repair of the stone, brick and historic plaster facades, historic windows and roof lights, the condition of roof timber and floors and the issue of damp within the basement area. A full topographical and measured building survey was undertaken and a detailed Revit model of the complex has been prepared. The theatre and acoustic consultants (Theatre Project and Sound Space Vision) were appointed to the project this month. It is anticipated that the business case will be finalised in the coming month.

←


Top: OPW staff Mary Heffernan and William Derham, OPW Commissioner John McMahon, and Sandra Collins, Director NLI, unveiling pieces from the *Splendour & Scandal: The Office of Arms at Dublin Castle*.

Bottom: Sandra Collins Director NLI, and William Derham, Curator, unveiling pieces from the *Splendour & Scandal: The Office of Arms at Dublin Castle*.

Ongoing Heritage Services – Conservation and Building Maintenance Services Projects

Work continued throughout 2020 in conformity with Government Covid-19 measures on a number of ongoing conservation, consolidation, repair and health and safety projects at OPW sites including:

- Dublin Castle complex incl Record Tower, Gate of Justice, Block M
- Iveagh House; including new Front Line Defenders Memorial
- Four Courts complex incl. Dome, Chancery Street Court Roof
- Leinster House Complex
- Custom House (including new Visitor Centre Refurbishment)
- Royal Hospital Kilmainham Complex
- Government Buildings Complex
- 23 Kildare Street
- National Museum of Ireland, Kildare Street and Collins Barracks
- Natural History Museum
- National Library of Ireland
- National Gallery of Ireland
- Casino Marino
- Emo Court
- Phoenix Park Gates
- St Stephen's Green; WB Yeats Memorial Refurbishment and Luas Toilets Roof Works
- Iveagh Gardens; new Hatch Street Entrance
- War Memorial Gardens
- Heywood Mausoleum



4.4 Corporate Services

The role of OPW's Corporate Services Division is to provide efficient and effective support to allow the wider organisation to deliver on our strategic business goals. Corporate Services allows the divisions within OPW to respond and adapt to changing internal and external challenges. Corporate Services consists of eight Business Units across Human Resources, Communications, Press Office, Finance, ICT, Estate Management Systems, Policy Unit and Government Publications and Election Services.

The objective of the Corporate Services function is to enable continuous improvements in the performance of our public service duty by supporting, equipping and developing our workforce.

An extensive range of support activities provided in 2020 include:

- Human Resources (HR) provided a high level of employee and manager support to staff who needed to adjust to new ways of working during the various levels of Covid-19 restrictions, both to those staff designated as essential workers and staff that were required to work remotely from home.
- HR supported the development and implementation of Staffwise, a cross functional collaboration initiative developed by the Flood Risk Management data management team, an initiative developed in response to the Covid-19 crises, to enable staff to log their work location. Staffwise was put forward for a Civil Service Excellence and Innovation Award.
- Recruitment and selection moved online immediately, following the necessity to work remotely, and together with new selection processes, reduced interview timelines from weeks to days.
- The professional and personal development needs of staff continued to be supported during 2020 by a transition to virtual learning events and resources.
- Wellbeing and engagement initiatives ran throughout the year, including online Social Club activities, health promotions and a virtual Christmas Gathering.
- The Office continued, in 2020, to uphold and protect the equality and human rights of our staff through our administration of HRM equality policies and work programmes and our Partnership model.

Information and Communications Technology key achievements

- Provision of blended working services (inc. desktop video conferencing, notebook computers, mobile devices etc.) to OPW staff to allow staff work from home during the Covid-19 pandemic.
- Specification and implementation of all ICT services for proposed new Dublin office for OPW at 1GQ.
- Completion of procurement exercise and partial deployment of new Unified Communications solution (8X8).
- Planning for the relocation of critical ICT infrastructure to Revenue Data Centre
- Upgrade of Core pay payroll system.
- Completion of procurement exercise for Managed Print Services.
- Assisting Visitor Services with the delivery of new Heritage Ireland website.
- Various pilot projects on-site inspections, tree inspections, data analytics etc.
- Deployment of Webinar technology for staff seminars and conferences.

Communications Unit key achievements

- Staff communications survey
- Published four internal OPW 'Obair' magazines
- OPW social media policy completed
- OPW public omnibus and stakeholder research completed
- Four social media workshops took place
- Training for video production
- Media analysis and reporting completed
- Stats for social media climbed considerably
- Online media overtook traditional media for the first time in 2020
- Traditional media declined considerably especially regional and rural titles that were significantly impacted by Covid-19.

Corporate Governance Annual Report Summary

Corporate Governance Standard The OPW Governance Framework has been prepared in line with the principles and requirements set out in the [Corporate Governance Standard for the Civil Service](#).

The Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001 In accordance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, board members and designated staff register their interests in other undertakings in an annual declaration under this Act.

Protected Disclosures Act 2014 In accordance with Section 21(1) of the Act, the OPW has a policy in place with regard to protected disclosures by staff who are, or were, employed by the OPW and for dealing with such disclosures. There were no protected disclosures received by the OPW in the year ending 31 December 2020.

Conflicts of Interest The OPW has established comprehensive procedures to monitor and manage potential conflicts of interest of Management Board members and staff. Under the Regulation of Lobbying Act 2015 the OPW has published a list of its designated public officials as required by Section 6(4) of that Act.

Communications The OPW recognises the need to work in collaboration with its stakeholders. The communications section and Press Office were further resourced, particularly in light of the heightened focus on internal communications in place as a result of the Covid-19 pandemic restrictions.

Ministerial and Senior Management Roles and Assignment of Responsibilities Minister of State Patrick O'Donovan, TD, was appointed in July 2020 as Minister of State with responsibility for the Office of Public Works.

Information Management A Data Protection Officer is in place and data protection requirements are made known to staff through training and communications, in response to queries and through information videos, policies and other documents available on the OPW intranet.

Management Board and other Governance Structures

Management Board (MB) The MB consists of the Chairman, two Commissioners, Director of Flood Risk Management, Director of Corporate Services, Head of Planning and Estate Management and the State Architect.

Audit, Assurances and Compliance Arrangements

Internal Audit The OPW has a designated Internal Audit Unit (IAU), which provides independent, objective assurance to the Accounting Officer with the aim of adding value to and improving OPW operations.



External Audit The Office of the Comptroller and Auditor General (OCAG) audit the appropriation account for Vote 13 Office of Public Works, under Section 3 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993.

Shared Services The Accounting Officer for shared services has provided a letter of assurance on the internal control and audit arrangements and reports on the audits of the operation of controls during 2020.

Statement of Internal Control The Accounting Officer's Statement of Internal Control published in the Annual Appropriation Account, describes the internal control environment in operation the OPW. The Head of Financial Services, Management Board members and Senior Managers are responsible for ensuring that adequate financial systems and controls are in place to provide reasonable assurance to the Accounting Officer on such matters.

Public Spending Code (PSC) Compliance Under the PSC the OPW is required to ensure that public funds are treated with care and that best value for money is obtained. An annual Quality Assurance Report was conducted by the Office to assess compliance with the Public Spending Code.

Risk Management Risk management is an integral part of the OPW's Corporate Governance and is critical in the achievement of strategic outcomes. In 2020, the OPW updated its Risk Management Policy to incorporate revised Business Continuity Plans and introduced an eRisks register in collaboration with the OGCI0.

Health and Safety The OPW is committed to ensuring the safety and well-being of its employees by maintaining a safe place of work and by complying with the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 and with relevant codes of practice and guidelines where appropriate.

Procurement Oversight In 2020, a new procurement advisory section was established within the Governance and Evaluation Unit to assist and support the Office's staff in complying with European and National procurement rules, to monitor procurement compliance and performance throughout the Office and to enhance engagement with the Office of Government Procurement (OGP) to deliver effective procurement and use of frameworks.

OPW Contracts Register

To end of 2020, over 728 contracts with an overall value of €264,185,586 have been recorded on the contracts register.



Oifig na nOibreacha Poiblí

Tuarascáil Bhliantúil 2020



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

Oifig na nOibreacha Poiblí
Tuarascáil Bhliantúil 2020



OPW



Clár na nÁbhar

1	Buaicphointí Staitistiúla 2020	1
1.1	Staitisticí um Bhainistiú Riosca Tuile 2020	2
1.2	Bainistiú na nEastát – Staitisticí Sealúchais	4
1.3	Bainistiú na nEastát – Staitisticí na hOidhreachta Tógtha	5
1.4	Staitisticí Corparáideacha OOP 2020	6
2	Réamhráitis	9
2.1	Réamhrá an Aire Stáit	10
2.2	Réamhrá an Chathaoirligh	12
3	Ár Misean	13
3.1	Ráiteas Misin	14
3.2	Feidhmeanna	14
3.3	Tosaíochtaí Straitéiseacha	14
4	Athbhreithniú ar an mBliain Deiridh den Ráiteas Straitéise 2017-2020	16
4.1	Bainistiú Riosca Tuile	18
4.2	Bainistiú na nEastát – Sealúchas	31
4.3	Bainistiú na nEastát – Seirbhísí Oidhreachta	45
4.4	Seirbhísí Corparáideacha	65



→ Dealbh den Día Mercury ar bharr Theach an Chustaim i mBaile Átha Cliath.


Athoscailt Cuimhneachán WB Yeats i bFaiche Stiabhna.





1

Buaicphointí Staitistiúla 2020

1.1 Staitisticí um Bhainistiú Riosca Tuile 2020





1.2 Bainistiú na nEastát – Staitisticí Sealúchais



Punann Oifige



344 Léas i
290 foirgneamh

255 Bloc oifige
faoi úinéireacht

886,339 mcr d'achar urláir iomlán



Punann faoi Úinéireacht

€2.55M
ó dhiúscairt
22 sealúchas

€1M
ioncam cíosa
ar 100+ sealúchas



28,665
Ordú Oibreacha
um Chothabháil
Sealúchais Próiseáilte




550
Ceadúnas do chrainn
cumarsáide fón póca



694
Sealúchas de chuid
an Gharda

1.3 Bainistiú na nEastát – Staitisticí na hOidhreachta Tógtha



7.44M

Cuairteoir chuig
Ionaid Oidhreachta
taifeadta



780

Séadchomhartha
Náisiúnta faoinár
gcúram



70

Ionad oidhreachta
ina bhfuil Seirbhís
Threorach



32

Sealúchas
Stairiúil



5,000 acra

d'fhearann Páirce
& Gáirdíní

1.4 Staitisticí Corparáideacha OOP 2020

Faisnéis Airgeadais

Caiteachas Ar Chláir*	2019	2020
Clár A – Bainistiú um Riosca Tule	99,296	108,658
Clár B – Bainistiú an Phunainn Eastát	432,990	479,596
lomlán comhlán	532,286	588,254
Leithreasí i gCabhair	24,315	10,613
lomlán glan	507,971	577,641
Maoiniú na gClár		
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí (móriomlan)	455,131	486,807
Seirbhísí Gníomhaireachtaí faoi bhainistíocht OOP	77,155	101,447
lomlán	532,286	588,254

* Áirítear sa chostas ar chláir an chaiteachais, an caiteachas díreach i leith Vóta OOP (Seirbhísí Gaolmhara san áireamh), Seirbhísí Corparáideacha OOP, costais agus oibreacha agus seirbhísí atá á gcur ar fáil ag OOP ar bhonn aisiocáíochta do Ranna Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Stáit eile.

Foireann OOP 2020

Foireann ó cheann ceann na bliana	1,991
Foireann shéasúrach/ar Théarma Seasta	407
Printísigh	21
Móriomlán	2,398

Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach 2020

Ceisteanna Parlaiminteacha		502
Eolas curtha ar fáil do Cheisteanna Parlaiminteacha eile		16
Plé sa Dáil ar Cheisteanna Reatha		
	<i>Curtha isteach</i>	18
	<i>Roghnaithe</i>	2
Cúrsaí um Thosach Feidhme sa Seanad		
	<i>Curtha isteach</i>	3
	<i>Roghnaithe</i>	2
Ráitis sa Seanad		0
Ráitis Aistrithe		1
Díospóireachtaí na Baill Príobháideach Gnó		2
Uiríll Airí		832

Faisnéis Ghinearálta 2020

Iarratis um Shaoráil Faisnéise (FOI)		141
	<i>Pearsanta</i>	4
	<i>Neamhphearsanta</i>	137
Imeachtaí a eagraíodh do na Meáin		32
Preasráitis a Eisíodh (7 i nGaeilge)		57
Ceisteanna ar dhéileáil an Phreasoifig leo		3,034
	<i>Eolas</i>	2,651
	<i>Meáin</i>	392

Úsáid Fuinnimh 2020

Na figiúirí deireadh mar a cuireadh chuig Córas M&T ÚFIÉ iad

	2020
Foirgnimh Eile	2.0 MWh
Suíomhanna Stairiúla	8.5 MWh
Páirceanna	0.9 MWh
Stáisiún Pumpála	1.5 MWh
OP@W	29.7 MWh
Iompar	9.2 MWh
Iomlán	51.8 MWh



OPW Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



Heritage Services

→ An tAire O'Donovan le Paul McDonnell, Maoirseoir Páirce ag glacadh le Duais an Bhrait Ghlais do Pháirt an Fhionnuisce.

Ciara Bannon Mateus ag cuidiú leis an Aire O'Donovan agus é ag fógairt go gcuirfí deireadh le táilli iontrála chuig Ionaid Oidhreachta mar pháirt de Phlean Spreagthaí an Rialtais i mí Iúil.



2

Réamhráitis

2.1 Réamhrá an Aire Stáit

Tá cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar na gníomhaíochtaí agus an méid a bhain Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) amach sa bhliain 2020. Is iad príomhréimsí gníomhaíochta OOP ná Bainistiú Riosca Tuile agus Bainistiú na nEastát, Seirbhísí Oidhreachta, san áireamh.

Ó ceapadh mé mar Aire Stáit le freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí i mí an Mheithimh 2020, tá mé an-tógtha le tiomantas, acmhainneacht, solúbthacht agus freagrúlacht na hOifige i leith seirbhísí poiblí den scoth a chur ar fáil, ina measc dul i ngleic leis na dúshláin a bhain leis an mBreathimeacht agus na dúshláin náisiúnta a bhain le paindéim Covid-19. Léiríonn siad seo tiomantas fhoireann an OOP maidir le cineálacha nua cur chuige a chur i bhfeidhm i seachadadh seirbhísí mar aon le freagairt go tapa i gcás aon dúshlán nua a thagann chun cinn.

Maidir leis an gClár um Mheasúnú agus um Bhainistiú Tuile i nDobharcheantair (CFRAM), críochnaíodh 47 scéim faoisimh tuilte suas go deireadh 2020, le hinfheistíocht de thart ar €440m agus mar thoradh air sin rinneadh damáiste de thart ar €1.8bn a sheachaint, agus tugadh cosaint do níos mó ná 10,000 sealúchas. Ina theannta sin, cuireadh an t-athbhreithniú ar na Léarscáileanna Tuilte, a cruthaíodh mar thoradh ar an gClár CFRAM, faoi bhráid an Choimisiúin i 2020. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na Pleananna um Bhainistiú Riosca Tuile i 2020 agus tá sé le cur i gcrích i 2021.

Chuir paindéim Covid-19 dlús faoi athruithe maidir le cleachtais oibre sa Státseirbhís agus ar nós gach áit ar domhan, chruthaigh sé dúshláin d'áititheoirí oifige, ar fud na n-earnálacha ar fad maidir leis an gcuma a bheidh ar oifig na todhchaí. B'am cinniúnach a bhí ann nuair a b'éigean do Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais an spás oifige a bhí acu a fhágáil láithreach, sa chéad ráithe de 2020, agus thug sé seo deis ar leith treo straitéiseach phunann oifige na todhchaí a mheas. Tá mé an-sásta go bhfuil OOP ag déanamh obair shuntasach sa réimse seo agus leanfar den obair seo nuair a bheidh Covid thart.

Cé gur tháinig laghdú mór ar an líon cuairteoirí a d'fhéad a theacht chuig a lán de na laithreáin de bharr threoirilinte chun an víreas a chosc, measadh gur chóir leibhéal áirithe seirbhíse a chur ar fáil chun tacú leis an earnáil turasoireachta agus léiríodh an tacaíocht seo nuair a cuireadh deireadh le táillí iontrála chuig formhór na láithreán ar an 27 Iúil 2020.



Patrick O'Donovan, TD

*An tAire Stáit le freagracht as Oifig
na nOibreacha Poiblí*



2.2 Réamhrá an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2020 a chur faoi bhráid an Aire Stáit sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí, an tUas. Patrick O'Donovan T.D.

Tá achoimre sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinne OOP sa bhliain deiridh den tréimhse atá clúdaithe faoinár Ráiteas Straitéise (2017-2020). Le linn na tréimhse 2017-2020, bhain OOP cuspóirí suntasacha amach agus neartaíodh eagar agus próisis na hOifige ag an am céanna.

I rith 2020, tugadh tús áite in OOP d'oibreacha a bhain leis an mBreatimeacht, áit a ndearnadh tuilleadh oibreacha ar infreastruchtúr ag Calafort Bhaile Átha Cliath, ag Eorophort Ros Láir, agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ba ghá go mbeadh áiseanna ar fáil sna láithreacha seo in am don bhunspriocdháta, an 29 Márta 2019, agus tuilleadh áiseanna a fhorbairt de réir a chéile le bheidh réidh do gach spriocdháta ina dhiaidh sin – 12 Aibreán, 31 Deireadh Fómhair agus 31 Nollaig 2020. San iomlán, d'fhorbair Aonad Breatimeachta OOP 28 tionscadal ar fud 24 láithreán i suíomhanna ar mhéid timpeall 20 acra ag Calafort Bhaile Átha Cliath chomh maith le deich n-acra eile i Ros Láir.

Maidir le Bainistiú Riosca Tuile agus maolú a dhéanamh ar mhéid agus tionchar tuilte, tháinig méadú faoi thrí ar líon na scéimeanna móra faoisimh tuilte de chuid OOP i gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla, mar a raibh 92 scéim den chineál seo ann ag deireadh 2020.

Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar sholáthar seirbhísí do chuariteoirí ag níos mó ná 70 láithreán mar gur laghdaíodh na seirbhísí a bhí ar fáil iontu seo i rith 2020. Ina ainneoin sin, bhí OOP ábalta deis a thabhairt do dhaoine rochtain a bheith acu ar go leor fearann páirceanna le linn na dtréimshí dianghlása éagsúla agus thacaigh sé seo go mór le sláinte an phobail agus le folláine mheabhrach agus choirp. Is díol suntas gur taifeadh 7.44 milliún cuairt chuig ár láithreáin oidhreachta.

Bhí OOP gníomhach freisin i ngrúpa lárnach a bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun beartas maidir le obair chumaisc a ulmhú. Is é príomhchuspóir OOP an plé le cliant a stiúradh, i gcomhthéacs an bheartais lárnaigh, trí dhúshlán a thabhairt maidir leis na gnásanna atá i réim faoi láthair, bealaí nua oibre a scrúdú, réitigh mhalartacha maidir le cóiríocht a aimsiú – sealúchas agus iad siúd nach mbaineann le sealúchas, san áireamh agus barr feabhais a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an phunainn oifige. Táimid i mbun plé faoi láthair agus leanfaimid ár bplé leis an Rialtas agus lenár gcliaint i dtaca leis an bpunann a nuachóiriú, barr feabhais a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht spáis, luach sócmhainní a bhaint amach, tacú le timpeallacht inbhuanaithe, ár gcuid sonraí agus taighde a neartú chomh maith le cuidiú le fostóirí agus comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí bogadh i dtreo 20% obair sa bhaile agus obair chumaisc.

Níl sa mhéid atá luaite thuas ach roinnt samplaí den chaoi a raibh OOP ábalta réitigh ghairmiúla sofhreagracha a bhí bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil don Rialtas agus don phobal. I bhfianaise na ndúshlán a bhí romhainn i rith 2020, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann oibre ilchineálach agus díograiseach OOP as a saothar leanúnach le hobair na hOifige a fheabhsú i 2020 agus buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara ar fad as a gcomhoibriú lenár ngníomhaíochtaí.



Maurice Buckley

Maurice Buckley

Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Oifig na nOibreacha Poiblí



3

Ár Misean



3.1 Ráiteas Misin

Is é misean OOP ár dtaithí agus ár saineolas a úsáid chun ár ról agus ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh le seirbhísí éifeachtacha, inmharthana agus nuálacha a chur ar fáil don phobal agus dár gcliaint, le hinniúlacht, le dúthracht, le gairmiúlacht agus le hionracas.



3.2 Feidhmeanna

Bhain príomhfheidhmeanna OOP i 2020 le Bainistiú Eastát agus le Bainistiú Riosca Tuile. Fuair na réimsí gníomhaíochta seo tacaíocht ó fheidhmeanna na Seirbhísí Corparáideacha. Is é an príomhchúram atá ar OOP ná seirbhísí a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Is iad ár gcustaiméirí an mórphobal, an Rialtas, Ranna agus Oifigí eile agus a nGníomhaireachtaí, agus an tseirbhís phoiblí ina iomláine.



3.3 Tosaíochtaí Straitéiseacha

Is iad seo ár dTosaíochtaí Straitéiseacha:

Bainistiú na nEastát

Uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid agus luach Shealúchas an Stáit

Bainistiú Riosca Tuile

Éifeachtaí agus damáiste a dhéanann tuilte a mhaolú chomh héifeachtach agus is féidir

Barr Feabhais Eagraíochtúil

Arr feabhais a bhaint amach inár bhfeidhmíocht agus soláthar seirbhísí

Seirbhísí Um Oidhrecht Thógtha

Ár n-oidhrecht thógtha a chosaint agus a chur chun cinn





←
Ardán Féachana nua an Bhlascaoid.

→
Abhainn Feagle, Sceim Faoisimh
Tuile, Cloich na Caoilte.



4

Athbhreithniú ar an mBliain Deiridh de Ráiteas Straitéise 2017-2020

SPRIOCANNA AGUS DUL CHUN
CINN LE LINN 2020

4.1 Bainistiú Riosca Tuile

Is í OOP atá freagrach as Beartas Náisiúnta Tuilte an Rialtais a stiúradh agus a chomhordú. Caithfidh an Oifig riosca tuile a aithint agus clár pleanáilte d'oibreacha faoisimh ó thuilte indéanta a ullmhú in éineacht le béim níos mó a chur ar bhearta bainistíochta neamhstruchtúrtha um riosca tuile. Is iad príomhfheidhmeanna na hOifige ná:

- Comhairle a chur ar an Rialtas faoi pholasaí i leith bhainistiú riosca tuile,
- Léarscáileanna tuilte a ullmhú agus Clár agus beartais i leith bhainistiú riosca tuile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus
- Cúram a dhéanamh de chlár éifeachtach ar shruth chúrsaí aibhneacha faoi réir na nAchtanna um Dhraenáil Artaireach.

SPRIOC: Cur chuige comhtháite 'iomlán-rialtais' i leith bhainistiú riosca tuile a chomhordú

Grúpa Idir-Rannach um Chomhordú Beartas i Leith Tuilte

Ba í OOP a bhí mar chathaoirleach ar an nGrúpa Idir-rannach um Chomhordú Beartas i leith Tuilte le linn 2020.

Tá sé mar chuspóir ag an nGrúpa maoirseacht a dhéanamh ar pholasaí an Rialtais i leith riosca tuile. Tugann siad comhairle don Rialtas maidir le polasaithe agus bearta cuí a rachadh chun tairbhe do dhaoine agus do phobail ionas go mbeadh siad réidh agus ábalta feidhmiú go héifeachtach sa chás go dtarlódh tuile.

Scéim Dheonach Athlonnaithe D'úinéirí Tí

Bhí tairiscint ar athlonnú tugtha do 27 úinéirí tí faoi dheireadh na bliana 2020. Aimsíodh réitigh innealtóireachta i gcás 39 teach eile agus táthar ag leanacht fós ag cuardach réitigh innealtóireachta i gcomhair 23 teach eile.

An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála

Mar bhall den Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála, bhí OOP páirteach i bhfreagairt an Rialtais maidir le Stoirmeacha Brendan, Ciara agus Dennis i mí Eanáir agus mí Feabhra agus arís le linn stoirmeacha Ellen agus Francis i mí Lúnasa 2020. Tugadh treoir agus comhairle maidir le rachtanna taoide agus stoirme, seisiúin eolais faoi leibhéil uisce in aibhneacha, bunaithe ar shonraí a fuarthas ar thairseach idirlín OOP, www.waterlevel.ie maraon le faisnéis a fuarthas ón gCóras Eorpach Feasachta ar Thuilte (EFAS). Thug OOP ocht bhfógra maidir le barr láin nó borradh taoide i ndáil le réamhaisnéis muirleibhéil do na hÚdaráis Áitiúla agus do pháirtithe leasmhara eile i rith 2020.

Le linn na dtréimhsí triomaigh a bhí ann i mí na Bealtaine, i mí an Mheithimh agus i mí Iúil, d'eisigh OOP faisnéis faoi leibhéil uisce sna haibhneacha ó ghréasán tagartha na 184 méadar de chuid OOP agus rinneadh mapáil chun raon geografach na gceantar a raibh an triomach ba mheasa a thaispeáint. Úsáideadh an fhaisnéis seo chun Ordú um Chaomhnú Uisce a chur i bhfeidhm i rith an tsamhraidh, agus ina dhiaidh sin, chun deireadh a chur leis an ordú céanna.



CUSPÓIR: Feidhmiú an phlean straitéiseach um riosca tuile, a stiúradh

Treoir 'Tuilte' an AE & an Clár Náisiúnta um Mheasúnú agus um Bhainistiú Riosca Tuile i nDobharcheantair (CFRAM)

Faoin gClár Náisiúnta um Mheasúnú agus um Bhainistiú Riosca Tuile i nDobharcheantair (CFRAM) rinneadh measúnú straitéiseach ar riosca i 300 pobal ar fud na tíre a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó thuilte agus cuireadh fianaise ar fáil nár mhór don Rialtas infheistíocht de €1bn a dhéanamh i 119 scéim bhreise um fhaoiseamh tuilte, le cur i gcrích mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027.

Cuireadh athbhreithniú ar na Léarscáileanna Tuilte, a ullmhaíodh faoin gClár CFRAM, faoi bhráid an Choimisiúin i 2020. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na Pleananna um Bhainistiú Riosca Tuile i 2020 agus táthar ag súil go mbeidh sé seo curtha i gcrích i 2021.

Grúpa Oibre Comhordaithe na nGníomhaireachtaí Stáit Maidir Le Riosca Tuile in Abhainn na Sionainne

Oibríonn an Grúpa seo faoi chathaoirleacht OOP agus tá sé mar aidhm aige fóram a sholáthar a thabharfaidh deis do gach eagraíocht reachtúil a bhfuil baint aici le habhantrach na Sionainne, monatóireacht agus comhordú breise a dhéanamh ar a gcláir ar leith chun bainistiú a dhéanamh ar riosca tuile in abhantrach na Sionainne.

D'aontaigh an Grúpa clár straitéiseach cothabhála ar chostas €7m. I measc na n-oibreacha a dhéanfar, bainfear as na 'pointí cúngaithe' ar ghrinneall Abhainn na Sionainne i gceantar Chalaí na Sionainne idir Baile Átha Luain agus Cora Mhíleac, ag brath ar aon mheasúnuithe timpeallachta agus cead pleanála a theastaíonn sula leanfar leis an obair.

I rith 2020, rinne an Grúpa na nithe seo a leanas:

- D'fhoilsigh an Grúpa a gClár Oibre maidir le beartas chun riosca tuile in abhantrach na Sionainne a bhainistiú.
- Cuireadh staidéar hiodra-gheomoirfeolaíoch ar íochtar na Sionainne i gcrích chun an chúis, ráta agus leibhéal an chúngaithe atá ag tarlú le himeacht ama de bharr dríodró agus fásra a aimsiú.
- Cuireadh tús le hullmhúcháin le haghaidh measúnuithe agus monatóireachta a dhéanamh ar aon éifeachtaí a bhaineann leis an bprótacal a chuirtear i bhfeidhm chun leibhéal uisce i Loch Aillionn a íslú i rith mhíonna an gheimhridh.

Tá 34 scéim um fhaoiseamh tuilte san áireamh sna Pleananna um Bhainistiú Riosca Tuile chun pobail i gCeantar Abhantrach na Sionainne a chosaint. Tá na scéimeanna nua seo sa bhreis ar 13 scéim atá curtha i gcrích nó atá ar bun cheana féin. Nuair a bheidh na scéimeanna ar fad críochnaithe, tabharfaidh siad cosaint do 95% de na sealúchais i gcoinne aon bhaol mór ó thuilte. Tá obair ar siúl nó curtha i gcrích anois a thabharfaidh cosaint do 80% de na sealúchais a bhí i mbaol. Leanfaidh Grúpa na Sionainne ag cur leis an dá phlean seo agus le gníomhaíochtaí na nGníomhaireachtaí stáit le réitigh chomhordaithe eile a aimsiú agus a chur i bhfeidhm chun riosca ó thuilte a mhaolú.





CUSPÓIR: Tacú le pleanáil agus forbairt inmharthana

Treoirínte Pleanála

Le linn 2020, lean OOP ag cur seirbhís chomhairleach ar fáil do na húdaráis phleanála maidir leis na Treoirínte um Bhainistiú Riosca Tuile (an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000) a chur i bhfeidhm, tugadh comhairle maidir le Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochá Reigiúnacha agus leis na Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach nua atá á n-ullmhú ag na húdaráis Áitiúla faoi na Straitéisí seo.

Plean um Oiriúnú Earnála d'Athrú Aeráide do Bhainistiú Riosca i gCás Tuilte

Is dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag athrú aeráide ar thuilte agus riosca tuilte in Éirinn mar gheall ar leibhéal na farraige a bheith ag ardú, níos mó báistí i rith an gheimhridh, breis laethanta ina mbeidh báisteach throm agus stoirmeacha níos measa ag tarlú. Rinne OOP meastóireacht ar éifeacht athrú aeráide trí Chlár CFRAM chun rioscaí, a d'fhéadfadh a bheith ann, a mheas agus táthar ag cur san áireamh an gá a bheidh le hoiriúnú ar dhearadh agus cur i bhfeidhm na scéimeanna um fhaoiseamh tuilte.

Dá bharr seo, réitigh OOP Plean um Oiriúnú Earnála d'Athrú Aeráide do Bhainistiú Riosca i gcás Tuilte 2019-2024 atá ag teacht le riachtanais an Chreat Náisiúnta um Oiriúnú d'Athrú Aeráide agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019.

I 2020, chuir OOP uasdátú ar fáil don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag léiriú an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhartha atá leagtha síos sa phlean. Léiríodh an dul chun cinn maidir le gníomhartha atá idir lámha nó atá pleanáilte don tréimhse seo.

I measc na ngníomhartha seo:

- I 2020, críochnaíodh an clár léarscáilíú tuile a chlúdaíonn ceantair eile seachas na ceantair a ndearnadh measúnú orthu faoin gClár CFRAM, agus rinneadh léarscáilíú ar cheantair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol amach anseo chomh maith le ceantair atá i mbaol reatha.
- Tá Pleananna Oiriúnaithe do Scéimeanna Píolótacha á n-ullmhú i gcomhair trí scéim um fhaoiseamh tuilte, agus tá sé riachtanach pleananna den sórt sin a chur san áireamh i ngach tionscadal a chuirtear chun tairisceana.
- Chuir OOP maoiniú ar fáil i gcomhair taighde leanúnach ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar riosca tuilte in aibhneacha agus i gceantair an chósta.
- Mar chuid den phróiseas pleanála spáis, cuireadh na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide san áireamh in aighneachtaí reachtúla chuig na húdaráis phleanála maidir le hathbhreithniú nó ullmhú pleananna forbartha.

Grúpa Idir-Rannach ar Athruithe Cois Cósta

Bhunaigh an Rialtas Grúpa Idir-Rannach chun Athruithe Cois Cósta a Bhainistiú chun straitéis chomhordaithe, chomhtháite náisiúnta a fhorbairt le bainistiú a dhéanamh ar an éifeacht a mheastar a bheidh ag athruithe ar an gcósta ar na pobail cois cósta, ar a n-eacnamaíocht, a n-oidhreacht, a gcultúr agus a dtimpeallacht. Oibríonn an Grúpa Idir-Rannach faoi chomhchathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus OOP. Chuir an Grúpa tús lena gcuid oibre i 2020 chun roghanna agus moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais.

CUSPÓIR: Pobail a chosaint ó thuilte in aibhneacha agus cois cósta

Scéimeanna Faoisimh Tuilte

Ó 1995 i leith, cuireadh 45 scéim faoisimh tuilte i gcrích a chuir cosaint ar fáil do thart ar 10,000 sealúchas agus a chuir cosc ar dhamáiste agus cailiteanas de bhreis agus €1.8bn. Bhí costas de níos mó ná €440m ar na scéimeanna seo.

Ó seoladh na Pleananna um Bhainistiú Riosca Tuilte i mí Bealtaine 2018 mhéadaigh OOP, i gcomhar le hÚdarás Áitiúla líon na mór-scéimeanna faoisimh ó thuilte atá á ndearadh agus á gcur i gcrích faoi thrí, ó 33 scéim go 92 scéim ag deireadh 2020. Bunaíodh Grúpaí Stiúrtha Tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na dtionscadail. I 2020, cuireadh i gcrích mórscéim faoisimh tuilte i nDroichead na Bandan, Co. Chorcaí, áit ar tugadh cosaint do 392 sealúchas. Bhí caiteachas caipitil de €63m i 2019 ar thionscadail tuilte a bhain le beartais agus cláir um bhainistiú riosca tuile, i 2020.

Lean OOP uirthi ag maoiniú na nÚdarás Áitiúil faoin Scéim MhionOibreacha um Mhaolú Tuilte agus faoin Scéim Cosanta Cósta. Caitheadh €2.5m faoin Scéim i 2020 ar thionscadail i gceantair 16 Údarás Áitiúil. Ó 2009 i leith, cuireadh breis agus 616 tionscadal i gcrích ar chostas €441.5 milliún. Tugann na tionscadail seo cosaint do bhreis agus 7,300 sealúchas. Tá thart ar dhá thrian de na sealúchais seo taobh amuigh de na ceantair atá á gcosaint ag mórscéimeanna faoisimh tuilte.

Tá réimse eolais curtha ar fáil ag OOP ar shuíomh gréasáin www.floodinfo.ie. Tá eolas maidir leis na Pleananna um Bhainistiú Riosca Tuile agus na Scéimeanna san áireamh anseo. I 2020, tugadh 104,572 cuairt ar an suíomh, sin ardú 22% ón mbliain roimhe sin.

Éilíonn OOP go mbunófaí suíomh gréasáin tionscadail maidir le gach scéim agus go gcuirfí eolas a bhaineann leis an tionscadal ar fáil don phobal an fhad is a bhítear ag ullmhú, ag dearadh agus ag cur na scéime i gcrích.

Bhí cruinnithe ag OOP le hÁrachas Éireann gach ráithe i rith 2020, faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana agus chun an clúdach árachais a thuairiscítear maidir le tuilte a phlé.

Clár OOP um Dhraenáil Artaireach

Lean OOP ag comhlíonadh dualgas reachtúil na hOifige maidir le cothabháil um dhraenáil artaireach. I 2020, rinne OOP cothabháil ar 2,000km de chainéil draenála, is ionann sin agus thart ar 18.6% d'fhaid iomlán na gcainéil draenála sa stát.

Chomh maith leis sin, caomhnaíodh nó athchóiríodh 134km de chlaífoirt de chuid OOP, thart ar 17% d'fhaid iomlán na gclaífort de chuid OOP sa stát.

Téann cothabháil draenála artaireach chun tairbhe do níos mó ná 242,800 heicteár (600,000 acra) de thalamh feirmeoireachta agus tá cosaint ó thuilte á chur ar fáil do cheantair uirbeacha, d'infreastruchtúr tábhachtach, níos mó ná 20,000 sealúchas, san áireamh.

Bearta Nádúrtha um Bhainistiú Dobharcheantar

Oibríonn bearta Nádúrtha um Bhainistiú Dobharcheantar trí uisce a stóráil nó a laghdú sa timpeallacht chun riosca tuile a mhaolú níos faide síos san abhainn, agus chun a lán cuspóirí tábhachtacha a bhaint amach, ina measc caighdeán uisce, agus rialú dríodair agus bithéagsúlachta. Cé gur léirigh tionscadail phiolótacha agus thaispeána gur féidir le bearta Nádúrtha um Bhainistiú Dobharcheantar (NCM) an riosca a mhaolú maidir le tuilte beaga a tharlaíonn níos minice, tuigtear nach n-oibríonn na bearta seo chomh maith céanna i gcás mórthuilte, mar an 'tuile 100 bliain'.

Níor cuireadh bearta NCM i bhfeidhm go forleathan go dtí seo in Éirinn, ach tá OOP ag gníomhú ionas go bhféadfar an cur chuige seo a chur i bhfeidhm sa todhchaí.

Tá obair idir lámha sa réimse seo, ar nós:

- Tá OOP ag comhchistiú taighde chun éifeachtacht na mbearta boginnealtóireachta i dtailte feirmeoireachta agus i dtailte foraoiseachta a scrúdú.
- Chuir OOP maoiniú ar fáil d'iontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain i nDún na nGall chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid beart den sórt sin chun riosca tuile a laghdú a bheadh tairbheach dóibh araon.
- Tá riachtanas sonrath anois san áireamh i bhforbairt scéimeanna caipitil um fhaoisimh tuilte, is é sin acmhainneacht maidir le bearta NCM a mheas mar chuid de na réitigh a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun riosca tuile a bhainistiú in aon phobal ar leith.
- Tá an Grúpa Oibre ar Bhearta Nádúrtha Coinneála Uisce faoi chomhchathaoirleacht OOP agus An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá sé de chuspóir ag an nGrúpa seo cineálacha cur chuige a aimsiú a d'fhéadfaí a úsáid chun bearta comhtháite bainistíochta do bharcantair a fhorbairt a bheadh tairbheach d'earnálacha éagsúla.

Monatóireacht ar Leibhéal Uisce

I 2020, rinne OOP cúram do stáisiúin mhonatóireachta leibhéal an uisce ag 458 ionad ar aibhneacha, ar locha agus ar an taoide, sin méadú de 23 stáisiún hidriméadrach ón mbliain roimhe sin. Bunaíodh na stáisiúin nua chun tacú le feidhmiú scéimeanna um fhaoisimh tuilte mar atá ag teacht le cuspóir um bhainistiú riosca tuile ar bhonn náisiúnta. Tá sonraí faoi leibhéal an uisce le fáil ó na stáisiúin seo i bhfóir-am (gach 15 nóiméad nó níos minice) ar thairseach www.waterlevel.ie. Tá an-tóir ar an tairseach ó seoladh é i 2013, agus taifeadadh 672,968 cuairt i 2020 – méadú de 35% ón mbliain roimhe sin.

Tá sonraí cartlainne hidriméadrach le fáil ar an ngréasán cartlainne hidriméadrach ar shuíomh gréasáin www.waterlevel.ie. Tá an úsáid a bhaintear as an tairseach seo méadaithe chomh maith agus taifeadadh 15,728 cuairt i 2020, méadú de 35% ón mbliain roimhe sin. Tá eolas le fáil anois ar 302 suíomh, sin méadú ó 195 suíomh a bhí ar fáil roimhe sin.

Baineann OOP, Údarás Áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, Bord Soláthair an Leictreachais agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil úsáid fhorleathan as na tairseacha. Tá na sonraí curtha ar fáil chun tacú leis an gcur chuige agus bainistiú na n-eachtraí aimsire eisceachtúla, ar nós tuilte agus tríomach. Tuigeann an pobal agus na meáin araon an tábhacht a bhaineann leis na tairseacha mar fhoinsé luachmhar eolais ar shonraí hidriméadracha.

Le linn 2020, lean OOP ag cur tacaíocht oibríochta ar fáil, ag cothabháil agus ag cur feabhsúcháin leanúnacha (teicneolaíocht nuashonraithe, ina measc) i bhfeidhm ar scéimeanna, i.e. Córais Réamhaisnéise Tuilte na nÚdarás Áitiúil ábhartha (Corcaigh, Cathair Chorcaí, agus Tiobraid Árann).

An tSeirbhís Réamhaisnéise agus Rabhaidh Tuilte

Aithnítear réamhaisnéis tuilte mar bheart neamhstruchtúrach tábhachtach um mhaolaithe tuilte a chuireann ar chumas an mhórfhobail agus na n-údarás áitiúil céimeanna coisctheacha níos éifeachtaí a ghlacadh chun éifeachtaí tuile agus díobháil ó thuilte a mhaolú.

I 2016, d'aontaigh an Rialtas go mbunófaí Seirbhís Náisiúnta Réamhaisnéise agus Rabhaidh Tuilte, le hionad Réamhaisnéise Tuilte á reáchtáil ag Met Éireann faoi mhaoirseacht OOP mar an chéad-chéim.

Le linn 2020, rinne OOP na rudaí seo a leanas:

- Lean an Grúpa Stiúrtha ag obair faoi chathaoirleacht OOP chun tacú le bunú na Seirbhíse nua.
- Ghlac OOP páirt sa Ghrúpa Stiúrtha chun córais bhogearraí réamhaisnéise maidir le tuilte ar aibhneacha a thástáil i 22 abhantrach ionadaíoch in Éirinn. Ghlac an Oifig páirt chomh maith sa Ghrúpa Stiúrtha chun Córais Réamhaisnéise maidir le Taoide agus Borradh a aistriú ó OOP go Met Éireann.

- Chabhraigh an Oifig le hobair an Fho-Ghrúpa Teicniúil chun treo a thabhairt faoi na gnéithe teicniúla den tseirbhís a bhaineann le Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC), agus le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na hidrimeitéareolaíochta agus an infreastruchtúir a theastaíonn i gcomhair na seirbhíse seo.
- Rinneadh athbhreithniú ar na háiteanna ina moltar réamhaisnéis tuile mar an beartas is fearr chun riosca tuile a bhainistiú agus rinneadh measúnú tosaigh ar na riachtanais tomhsaireachta hidriméadracha don tseirbhís.
- Ghlac an Oifig páirt sa Ghrúpa Oibre Cumarsáide chun straitéis chumarsáide don tSeirbhís a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Tuilte agus Creimeadh Cósta

Cuireann OOP seirbhís taighde agus chomhairleach ar fáil maidir le bainistiú rioscaí a eascraíonn as tuilte agus creimeadh cósta.

I measc na bpríomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil i 2020, bhí:

- Córas Náisiúnta Réamhaisnéise Stoirme agus Borrtha Taoide
- staidéar monatóireachta cósta i gcúig limistéar atá i mbaol ó chreimeadh cósta,
- tacaíocht d'Údarás Áitiúla agus iad ag dul i ngleic le hathruithe cois cósta, agus
- ullmhaíodh Staidéar Samhaltaithe Leibhéal Uisce agus Tonnta Chósta na hÉireann agus tá sé ar fáil ar an suíomh www.floodinfo.ie

Clár Modheolaíochtaí um Mheastachán Tuilte d'Éirinn

Chuir OOP tús leis an gClár Modheolaíochtaí Meastacháin Tuilte d'Éirinn (FEMI) i 2020. Is é aidhm an Chláir seo modheolaíochtaí nua a fhorbairt a bheidh níos fearr i gcomhair meastacháin tuilte, ina mbainfear leas as an dul chun cinn i TFC, Córais Faisnéise Geografacha, agus sonraí hidriméadracha atá ar fáil ó tugadh isteach an Nuashonrú ar Staidéar Tuilte (FSU, 2014). Cuirfidh na modheolaíochtaí seo sraith uirlisí i gcomhair meastacháin tuilte, den chineál is nua-aimseartha, ar fáil go héasca ar líne.

Mar chuid den obair seo, forbróidh an Rannóg Hidreolaíochta bealach chun athruithe aeráide a chur san áireamh nuair a bhítear ag déanamh meastacháin i leith mhórtuillte. Caithfidh OOP breis agus €1 billiún ar thógáil scéimeanna faoisimh tuilte ar fud na hÉireann faoin gClár Oibreacha Caipitil agus beidh eolas a fhaightear ón gClár FEMI ríthábhachtach chun a chinntiú go mbíonn na scéimeanna seo deartha go cruinn agus go héifeachtach. Cuirfidh modheolaíochtaí FEMI na huirlisí ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad a theastaíonn uathu i gcomhair gach dearadh a bhaineann le tuilte reatha agus tuilte a d'fhéadfadh tarlú amach anseo le haghaidh na n-infreastruchtúir atá in aibhneacha nó gar dóibh. Ba é príomhfhócas Chláir FEMI i 2020 ná iniúchadh a dhéanamh ar shonraí hidriméadracha ionas go mbeadh ar a gcumas na suíomhanna tomhaiste is oiriúnaí a roghnú le húsáid sa taighde, maraon le tacar sonraí spásúla agus hidreolaíochta a bhailiú le húsáid in anailís minicíochta tuilte.

Bainistiú na Timpeallachta

Rinne OOP réimse measúnachta timpeallachta i seachadadh na gclár bainistíochta riosca tuile, ina measc: Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta, Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta, Measúnachtaí Leithreasaithe agus Measúnachtaí Éiceolaíochta. Tá taighde agus monatóireacht ar an timpeallacht a bhaineann le cothabháil draenála artaireach ar siúl. Cuireadh leis seo i 2020, le tionscadal nua ceithre bliana i gcomhar le hlascach Intíre Éireann, Taighde ar Sheasmhacht an Athraithe Aeráide.

I 2020, leanadh ag comhoibriú le fóraim agus gníomhaireachtaí timpeallachta go leor chun caidrimh a chothú ionas go mbeadh an t-eolas is déanaí maidir le cúrsaí timpeallachta ag OOP le cuidiú leis an Oifig a gcuid polasaithe a fhorbairt mar is cuí. Tá na cláir oibre um athrú aeráide agus bithéagsúlachta anois faoi stiúir dhá fhóram timpeallachta nuabhunaithe de chuid OOP, Grúpa Oibre Bithéagsúlachta OOP agus Grúpa Comhordaithe um Athrú Aeráide OOP. Tá sé mar aidhm ag an dá Ghrúpa comhoibriú a neartú ar fud na nAonad Gnó go léir.

→
Barr: Oibreacha cosanta tuilte á ndéanamh ag Ashe Quay, Mainistir Fhear Maí mar pháirt de Scéim Faoisimh Tuilte Mhainistir Fhear Maí.

Bun: Oibreacha Faoisimh Tuilte críochnaithe i Mainistir Fhear Maí (Thuaidh).



CUSPÓIR: Uasmhéadú ar Shonraí Oscailte maidir le Bainistiú Riosca Tuile

Sonraí Oscailte

D'fhéadfadh Sonraí Oscailte cuidiú le nuálaíocht agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn, seirbhísí poiblí a fheabhsú, an daonlathas a neartú, agus cur le trédhearcacht agus cuntasacht an Rialtais.

Tá sé mar sprioc ag OOP cuid mhór de shonraí na Seirbhísí um Bhainistiú Riosca Tuile a fhoilsiú ar an idirlíon, de réir na bhforálacha reachtacha agus Bheartas an Rialtais maidir le Sonraí Oscailte. Áirítear leis seo scaipeadh sonraí ar thairseacha gréasáin poiblí agus ar thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais.

Le linn 2020, rinneadh athbhreithniú ar bheartas, ar chórais agus ar phróisis na Seirbhísí um Bhainistiú Riosca Tuile maidir le scaipeadh agus roinnt sonraí. Bhí sé dírithe ar fheabhas a chur ar sheirbhísí, éifeachtúlacht agus oscailteacht sa phróiseas scaipthe sonraí. Cuireadh tús le Catalóg Sonraí inmheánach do Sheirbhísí um Bhainistiú Riosca Tuile, le tacaíocht ó mhodh nua meiteashonraí caighdeánaithe bunaithe ar INSPIRE agus ISO 19115. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar an tairseach gréasáin poiblí, Floodinfo, www.floodinfo.ie agus rinneadh athchóiriú air le deis a thabhairt don phobal breis tacar sonraí a fheiceáil ar thairseach gréasáin amháin.

CUSPÓIR: Tuiscint níos fearr a thabhairt don phobal faoi riosca agus bainistiú tuile

Suíomhanna Gréasáin

Tugann tairseach gréasáin OOP www.waterlevel.ie deis don phobal rochtain a fháil ar shonraí fíor-ama ó na céadta stáisiún ar aibhneacha, locha agus taoide ina ndéantar monatóireacht ar leibhéil uisce dromchla.

Tugann an suíomh gréasáin www.floodinfo.ie faisnéis atá bunaithe sa phobal faoi riosca tuilte agus ar phleananna chun plé leis an riosca measta. Chomh maith leis sin, tá fóram ar fáil anseo don phobal chun eachtraí tuile ina gceantair féin a thuairisciú agus chun breathnú ar eachtraí tuile a tharla san am atá thart.

Déanann an suíomh gréasáin www.flooding.ie iarracht an pobal a chur ar an eolas faoin mbaol a ghabhann le tuilte agus faoi na bearta pleanála agus ullmhúcháin a bhféadfaidís tabhairt fúthu chun iad féin agus a dtithe a chosaint i gcoinne an damáiste a d'fhéadfadh tuile a dhéanamh.





4.2 Bainistiú Na nEastát – Sealúchas

CUSPÓIR: An t-eastát sealúchais atá faoi chúram Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí a bhainistiú go gníomhach

Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a bhain le Bainistiú sealúchais, i 2020:

- Mar chuid de Bhainistiú Sealúchais le linn Phaindéim Covid-19, aistríodh cuid mhaith d'ídirbheart na hOifige ar líne agus chuathas i mbun cianoibre. Cuireadh an próiseas ceadaithe íocaíochta in oiriúint ionas go gcinnteofaí cianrochtain agus rinneadh ceadú leictreonach a éascú, ionas go mbeifí ábalta íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe agus tiarnaí talún.
- Leanadh le Clár Chéad Chlárúcháin OOP agus rinneadh 96 iarratas chuig Údarás Clárúcháin Sealúchais na hÉireann (PRAI). Tá 31 díobh seo curtha i gcrích.
- Tá eolas faoi 22,463 sealúchas do níos mó ná 90 foras stáit ar an gClár Sealúchais Ionstáit. Ceann de na haidhmeanna atá ag an gClár ná aistriú ionstáit sealúchais a éascú trí eolas a chur ar fáil faoi shuíomhanna agus foirgnimh nach bhfuil de dhíth agus a chur in iúl go bhfuil siad ar fáil anois d'forais phoiblí eile, má theastaíonn siad uathu.
- Le linn 2020, díoladh 22 sealúchas, nach raibh de dhíth ar an Oifig, ag ceantanna ar líne nó aistríodh iad ar luach € 2.55m.
- Fuarthas €1m ioncam cíosa ar 100 sealúchas i rith 2020.
- I gcomhpháirtíocht le Obelisk Communications Limited, lean OOP ag bainistiú agus ag feidhmiú láithreán na gcrann cumarsáide chomh maith le láithreán nua a fhorbairt. Tá 550 ceadúnas bronnta ag OOP ar chomhlachtaí fón póca (MNOs) agus Tetra Ireland Teoranta go dtí seo. Shaothraigh na ceadúnais seo ollioncam de €4.5m i 2020.
- Rinne an Oifig Luachála luacháil neamhspleách ar 16 sealúchas le luach iomlán de €8.3m. Tá luachálacha neamhspleácha mar an chéim dheiridh den chur chuige chuíchóirithe maidir le haistriú sealúchais ionstáit, ar cuireadh tús leis i 2015. D'úsáid 22 sealbhóir sealúchais san earnáil phoiblí an próiseas seo i gcomhair sealúchais, le luach comhiomlán de thart ar € 214m.
- Riarann OOP ábhair a bhaineann le sócmhainní sealúchais chomhlachtaí díscailte a dhéabhlóidtear go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Alt 28 den Acht Maoine Stáit 1954. Tharla 58 cás nua den chineál seo i 2020. Is ionann seo agus íslíu arís ar líon na gcásanna suntasacha ach is méadrach atá i gceist anseo agus ní mór a bheith cúramach ina thaobh de bharr na castachta a bhaineann le hábhair ar leith den chineál seo.
- I 2020, rinneadh comh-athbhreithniú ar Chaiteachas Reatha/Caipitil Eastát OOP i gcomhar le Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann (IGEES). Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích roimh dheireadh 2021 agus déanfar anailís ar mheastacháin na gcostas fadtéarmach don státchiste maidir le sealúchas a fháil ar bhealaí éagsúla i gceantair éagsúla.

Is leis an Stát Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath (ICBÁC) agus tá sé á reáchtáil ag Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí. Lean OOP ag déanamh monatóireachta ar oibríocht an ionaid agus bainstíonn an Oifig forálacha an Chomhaontaithe chomh maith le gach ábhar a bhaineann le hairgeadas, dlí nó sealúchas. Chuir srianta Covid-19 isteach go mór ar phríomhghníomhaíochtaí ICBÁC le linn 2020 agus tá sé dúnta ó lár mhí an Mhárta 2020. Mar thoradh air sin, ba 4,864 an líon Toscairí ó Chomhdhálacha Idirnáisiúnta a d'fhreastail ar imeachtaí CCD i 2020 i gcomparáid le 38,686 i 2019. D'úsáid Tithe an Oireachtais an tIBÁC 21 babhta i rith na bliana. Íocadh Táillí Aonaid de € 23.9m i 2020. Chuir an comhlacht CPP athmhaoiniú i gcrích ar a bhfiachas i 2019, rud a raibh toiliú an Údaráis ag teastáil len aghaidh. Fuair OOP €12.042m i mí an Mhárta 2020, mar a sciar den ghnóthachan. Níor choinnigh OOP an gnóthachan seo ach tugadh ar ais don Státchiste é.

Feidhmiú an Chórais Bainistíochta Comhtháite san Ionad Oibre (CBCIO):

- Le linn 2020, cuireadh Céim 2 den CBCIO, ar a dtugtar IBM TRIRIGA, i bhfeidhm. Bhí modúl Bainistíochta Sealúchais agus Léasa san áireamh anseo. Rinneadh tástáil ar an réiteach agus cuireadh i bhfeidhm é sna réimsí gnó bainistíochta sealúchais sa ráithe dheiridh den bhliain.
- Dá bharr seo, beidh caighdeánú agus uathoibriú breise déanta ar na próisis ábhartha.
- Ó R1 2019, tá Seirbhísí Cothabhála Sealúchais i dhá Réigiún i mBaile Átha Cliath ag déanamh cothabhála ar chreatlacha foirgneamh tríd an gCóras Bainistíochta Comhtháite san Ionad Oibre (CBCIO) ar a dtugtar IBM TRIRIGA.
- Ó R1 2020, tá an córas TRIRIGA á úsáid sa chuid eile den struchtúr cothabhála réigiúnach chun oibreacha cothabhála ar chreatlacha foirgneamh a bhainistiú.
- Ceanglaíonn sé go díreach le córas airgeadais OOP (Integra) agus cuireann sé córas lán-iniúchta ar fáil chun íocaíochtaí a bhaineann le léasanna/ceadúnais de chuid OOP a dhéanamh agus a ghlacadh.
- Cuireann sé stór sonraí amháin a bhaineann leis an sealúchas iomlán ar fáil.
- Táthar ag súil go gcuirfear Céim 2 den chóras i bhfeidhm faoi dheireadh R1 2022.



CUSPÓIR: An phunann cóiríochta oifige a bhainistiú trí chóiríocht iomchuí a cheannach, a dhiúscairt, agus a fháil ar léas faoi réir straitéis fhadtéarmach na punainne oifige

Chun tacú le cur chuige straitéiseach i leith na punainne a fhorbairt, tá bainistíocht OOP i mbun suirbhé forleathan ar chóiríocht agus áitiúcht na punainne oifige atá faoi úinéireacht nó ar léas ag OOP. Go dtí seo, tá suirbhéanna curtha i gcrích ag OOP ar 160,000m² de chóiríocht oifige. Is ionann sin agus beagán faoi bhun an cúigiú cuid den phunann oifige náisiúnta. Leanfar leis na suirbhéanna ar chóiríocht agus áitiúcht i 2021 agus tá suirbhéanna pleanáilte maidir le 300,000m² eile.

Cuireadh tús le dhá staidéar féidearthachta ar Fhoirgnimh na Seansaíreachta, Na Ceithre Cúirteanna agus Áras Osmond ar Shráid na gCaorach Beag, i 2020.

Obair Chumaisc

Chuir paindéim Covid-19 dlús le hathrú suntasach ar chleachtais oibre sa Státseirbhís agus, ar nós, gach tír eile ar domhan, cruthaíonn sé dúshlán anseo d'áititheoirí oifige i ngach earnáil, agus iad ag smaoineamh ar an gcuma a bheidh ar an oifig sa todhchaí. De bharr go raibh ar Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais a gcuid oifigí a fhágáil go práinneach, b'am cinniúnach a bhí sa chéad ráithe de 2020 maidir le smaoineamh go straitéiseach faoin gcuma a bheidh ar an bpunann oifige sa todhchaí.

I rith 2020, bhí OOP gníomhach i ngrúpa lárnach a bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun beartas maidir le hobair chumaisc a chur chun cinn. Beidh baint lárnach ag OOP le cuidiú le haon chleachtais oibre malartacha a thiocfaidh chun cinn, ag teacht leis an gClár Rialtais. D'fhéadfaí torthaí dearfacha a bhaint amach dár gcliaint sna Ranna éagsúla.

I 2020, bhí páirt ghníomhach ag OOP i bpleanáil agus fáil na sealúchas a leanas:

Fuair OOP na sealúchais a leanas

I dtaca le ceannach straitéiseach sealúchas, fuair OOP na sealúchais seo a leanas le linn 2020:

- Trádstórais sa tSionainn agus i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath – €8.5m
- Sealúchas i gCarraig Uí Leighin, Co. Chorcaí don Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta – €650k
- Sealúchas id Tobar an Choire le freastal ar riachtanais chóiríochta an stáit – €305k

I 2020, mar chuid de bhainistiú straitéiseach na punainne, fuair OOP réidh le 20 sealúchas iomarcach, a raibh ioncam de €2.55m mar thoradh orthu.

Léasanna

I 2020, glacadh ocht léas déag nua (cúig cheadúnas san áireamh) ina raibh 10,353 méadar cearnach (mcr) de spás oifige ar chíos bliantúil de €2.6m. Géilleadh ceithre léas déag, ina raibh 11,110 mcr de spás oifige ar chíos bliantúil de €0.5m.

Léasanna suntasacha nua:

- 3,153 mcr de thradstóras agus spás oifige in Iarthar na Cathrach & Baile an Bhóthair chun athchóiriú Teach Tom Johnson a éascú.
- Breis is 1,700 mcr de spás cóiríochta i mBaile Brigín chun forbairt Oifig na bPasanna a éascú.
- Cuireadh Comhaontú Léasa i bhfeidhm do 4,000 mcr spás oifige ag Cé Sheoirse i mBaile Átha Cliath. Is anseo a bheidh Oifig Bhaile Átha Cliath de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí lonnaithe, agus beifear ag scaoileadh lena spás cóiríochta reatha i bhFaiche Stiabhna. Déanfar athchóiriú ar an oifig i bhFaiche Stiabhna chun athstruchtúráil/comhdhlúthú na Roinne Dlí agus Cirt agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a éascú.

CUSPÓIR: Cothabháil a dhéanamh ar an eastát, agus breis cothabhála pleanáilte agus coiscitheach a chur i gcrích

Cothabháil Ranna (Ranna agus Oifigí Rialtais)

Cuireann OOP comhsheirbhís ar fáil do chonarthaí cothabhála reachtúla agus cothabháil ghinearálta foirgneamh do bhreis is 2,000 ar fud na tíre.

I 2020, rinne na Seirbhísí Cothabhála Sealúchais oibreacha arbh fhiú níos mó ná €60 milliún iad.

Sonraí mar a leanas:

- **Cothabháil Phleanáilte, Coiscitheach agus Frithghníomhach**
I 2020, caitheadh €28.2 milliún san iomlán ar chothabháil sealúchais Ranna. Caitheadh €4.8 milliún de seo ar an gclár pleanáilte do chreatlacha foirgneamh, agus caitheadh os cionn €14.89 milliún ar oibreacha meicniúla agus leictreacha. Caitheadh beagnach €8.46 milliún ar chothabháil fhrithghníomhach chun freastal ar iarratais ó chliaint.
- **Obair chothabhála ar Fhorais Chultúir Náisiúnta, ag Ionaid Oidhreachta, Séadchomharthaí, Iostaí, ar Chóiríocht Oifige agus ar shealúchas eile de chuid OOP**
Le linn 2020, caitheadh €4.6 milliún ar chothabháil foirgneamh, ar chaomhnú tailte agus ar shlándáil ag forais chultúir náisiúnta, ag ionaid oidhreachta, ar shéadchomharthaí, ar iostaí, ar chóiríocht oifige, ar shealúchais folmha agus ar shealúchais eile de chuid OOP nó atá á mbainistiú ag OOP.
- **Mionchláir Caipitil**
I 2020, chuir na Seirbhísí um Chotheabháil Shealúchais mionchláir chaipitil ar fáil a bhain le creatlacha foirgneamh ar chostas €21.92 milliún. Bhain na mionchláir seo le huasghrádú ábhar, le feistiú, le huasghrádú um shábháilteacht dóiteán, le hoibreacha sábhailteachta eile in oifigí Rialtais, i sealúchais an Gharda Síochána agus na Forais Chultúir Náisiúnta.
- **Cliant Inbhilleáilte**
Soláthraíonn OOP seirbhís cothabhála do 21 cliant nach bhfuil clúdaithe faoi Chiorclán 1/2013 de chuid na RCPA. I 2020, mhaoinigh na cliant seo cothabháil sealúchais arbh fhiú €2.82 milliún é, sna foirgnimh ina raibh siad lonnaithe.
- **Oibreacha Roghnaithe – Maoinithe ag Cliant**
Le linn 2020, lean OOP ag soláthar seirbhísí do Ranna/Oifigí Rialtais ar theastaigh uathu go rachfaí i mbun oibreacha nach bhfuil clúdaithe faoi Chláir Chotheabhála Sealúchais agus Caipitil OOP. Tugtar ‘oibreacha roghnacha’ ar na hoibreacha seo agus is Ranna, Oifigí agus Gníomhaireachtaí Rialtais a mhaoiníonn iad seo.

I 2020, mhaoinigh Ranna, Oifigí agus Gníomhaireachtaí Rialtais oibreacha a bhain le creatlacha foirgneamh ar chostas de bhreis is €21 milliún.
- **Deasc Chabhrach OOP**
I 2020, fuair Deasc Chabhrach OOP os cionn 29,500 glaoch. Bhí idir ghlaonna éigeandála agus iarratais ar ghnáthchothabháil i gceist sna glaonna seo. Mar shampla:

 - » Iarratais chun teipeanna leictreacha a leigheas, cinn a bhain le soilsiú agus truípeáil soicéad agus teipeanna meicniúla a bhain le coirí téite agus ardaitheoirí.
 - » Iarratais chun fadhbanna a bhain le creatlacha foirgneamh, ina measc, doirse briste a dheisiú, pánaí fuinneoige nua a chur isteach, doirtíl/leithris a dhíbhlocáil agus sceitheadh uisce ó dhíonta a dheisiú.
 - » Iarratais ar ‘oibreacha roghnacha’ i.e. oibreacha maoinithe ag na cliant m.sh. seilfeanna a chur suas, pictiúir agus cláir bhána a chrochadh.



Tacú le Cliant Ranna, Gníomhaireachtaí agus Oifigí Rialtais le linn Phaindéim Covid-19

Thacaigh na Seirbhísí Cothabhála Sealúchais le Ranna, Gníomhaireachtaí agus Oifigí Rialtais le linn thréimhse srianta Covid-19 trí chúram a dhéanamh d'obair shábháilte i suas le 2,000 foirgneamh. Seo a leanas samplaí de na tacaíochtaí a chuir na Seirbhísí Cothabhála Sealúchais i bhfeidhm chun dul i ngleic le paindéim Covid-19:

Eolas agus tacaíocht d'Oifigigh Cóiríochta ar fud na tíre

I mí Bealtaine 2020, reáchtáil OOP dhá sheimineár gréasáin le 250 Oifigeach Cóiríochta.

D'ullmhaigh Seirbhísí Cothabhála Sealúchais ábhair shonracha thacaíochta ar líne ina bhfuil treoracha, teimpléid, fiseáin agus cáipéisí tacaíochta eile do na hOifigigh Cóiríochta.

Ról stiúrtha OOP maidir le Líonra Bainistíochta um Áiseanna na Seirbhísí

Rinne OOP cathaoirleacht ar chruinnithe Líonra Bainistíochta Áiseanna na Seirbhísí Corparáideacha. Tá bainistíocht shinsearach ó gach cuid den Státseirbhís páirteach sa líonra seo, a bunaíodh chun dul i ngleic le paindéim Covid-19.

Scáileáin peirspéacs – Dearadh, Soláthar agus Feistiú

Chuir OOP scáileáin Peirspéacs ar fáil do Ranna, Gníomhaireachtaí agus Oifigí, chun freastal ar riachtanais éagsúla ar nós chuntair phoiblí agus i seomraí agallaimh. Fuarthas agus feistíodh na scáileáin seo go tapa lena chinntiú go mbeadh bearta sábháilteachta i bhfeidhm don fhoireann agus don phobal.

Feidhmiú an Phacáiste Spreagthaí Eacnamaíochta

Mar chuid de Phacáiste Spreagthaí Eacnamaíochta an Rialtais, Iúil 2020, tugadh €10 milliún breise d'OOP chun infheistiú a dhéanamh i bhfoirgnimh ina bpunann eastáit.

Tugtar aitheantas agus léargas ar Chothabháil Shealúchais OOP sa tuarascáil ar *Ár Seirbhís Phoiblí 2020 – Sármhaitheas i gCás-Staidéir Seirbhíse do Chustaiméirí* de bharr an tacaíochta thapa agus éifeachtach a tugadh do na hOifigigh Cóiríochta i Ranna, Gníomhaireachtaí agus Oifigí Rialtais ar fud na tíre le linn phaindéim Covid-19.

Innealtóireacht Shibhialta agus Struchtúr

Le linn 2020, rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal cothabhála le cuidiú ón rannán innealtóireachta Sibhialta agus Struchtúr.

Léiríonn na tionscadail éagsúlacht an eastáit agus bhí oibreacha i ngach réimse oibríochta i gceist, ina measc:

Ionaid Oidhreachta, Ionaid do Chuartheoirí, Mór-Pháirceanna, cothabháil um Bhainistiú Riosca Tuile agus cothabháil OOP a bhaineann le gach cineál foirgneamh Rialtais.

Samplaí suntasacha:

Páirceanna

- Páirc an Fhionnuisce – Áras an Uachtaráin – Oibreacha Uasghrádaithe ar an Líonra Uisce
- Páirc an Fhionnuisce, An Bóthar Thuaidh – Athdhromchlú bóthair
- Páirc an Fhionnuisce – Gáirdín an Phobail Athdhromchlú ar chosáin an locha
- Garrán Anna, Baile Shaileastair, Co. Chorcaí
- Sráidbhaile Inis Cathaigh – cobhsú Bhallaí an Tí
- Teach Chill Mhochura – Ballaí imfhálaithe an Ghairdín & measúnacht ar Struchtúr Áirse Gotach
- Dolmain Chnoc an Bhrúnaigh, Co. Cheatharlach – méasúnacht ar an suíomh agus uasghrádú ar áis pháirceála

Bainistíocht na Seirbhísí Uisce

- TMainistir Thinteirn
- Crannlann JFK
- Cúirt Ioma
- Daingean Rinn Chorráin
- Dún Aonghasa
- Brú na Bóinne

Cothabháil um Bhainistiú Riosca Tuile

- An Bhuanaid SDD (CDS) – Droichead Coisithe ar C1-3-4 ag Chainage 1100 Droichead Coisithe nua
- An Mhuaidh CDS – Síneadh le Droichead Bridge Ch 1950 ar C1-41-2 Síneadh ag an taobh agus uchtbhallaí nua ar an droichead atá ann cheana
- An Mhuaidh CDS – Síneadh le Droichead Ch 1280 ar C1-41-2-2 Síneadh ag an taobh agus uchtbhallaí nua ar an droichead atá ann cheana
- An Mhuaidh CDS – Síneadh le Droichead Ch 31730 ar C1-21-1-5 Síneadh ag an taobh agus uchtbhallaí nua ar an droichead atá ann cheana
- Scéim Dhraenála Dhún na nGall – Ceannbhalla Comhla. Sonraí cosanta Ceannbhalla Comhla do láithreacha éagsúla
- An Mhuaidh CDS - B1 Síneadh Ch 100 ar C1-27 Síneadh ag an taobh agus uchtbhallaí nua ar an droichead atá ann cheana

Foirgnimh Rialtais

- Staighre, 91-93 Cearnóg Mhuirfean





CUSPÓIR: Cláir thógála chun cóiríocht agus áiseanna dea-dheartha agus dea-thógtha a chur ar fáil do chliaint Rialtais agus Stáit

Ghlac innealtóirí Sibhialta agus Struchtúr páirt i dtógáil agus in athchóiriú foirgneamh i 2020.

Roinnt samplaí:

- Ardán Féachana in Ionad an Bhlascoid
- Cathair Chomáin, Co. an Chláir – Ardán Féachána
- Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath – Athchóiriú ar Ionad Cuairteoirí
- An Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara – Athchóiriú ar an Sciathán Thiar
- Ionad Tyrone Guthrie – Umar Dóiteáin agus oibreacha a bhain leis.
- Ionad Cuairteoirí Bhaile Átha Troim

Stáisiún an Gharda Cóta:

- Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo
- Cathóir, Co. Loch Garman
- Dairbhre – Crann Nua
- Ráth an Bharraigh, Co. Chorcaí
- Cill Dalua, Co. an Chláir
- An Cloigeann, Co. na Gaillimhe

Stáisiún na nGardaí:

- Ceannceathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce – Bloc N
- Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach
- Bhábhúin Bhuí, Co. an Chabháin

Chuir OOP sain-seirbhísí dearthóireachta agus bainistíochta tionscadal ar fáil do chliaint Stáit agus Rialtais chun roinnt mórthionscadal a chur chun cinn le linn 2020:

Conarthaí do na Tionscadail seo curtha i gcrích:

- Oifigí Bhinse Fiosrúcháin um Scagthástáil Ceirbheacs – *críochnaithe 13 Márta 2020*
- Athoscailt Stáisiún na nGardaí sa Ros – *críochnaithe ar an 31 Márta 2020*
- Gailearaí Féachana an Bhlascoid – *críochnaithe ar an 25 Iúil 2020*
- Foirgneamh um Promhaidh agus Leasa Luimnigh – *críochnaithe Deireadh Fómhair 2020 (ag fanacht le haistriú)*
- Stáisiún na nGardaí, Dún na nGall – *críochnaithe 4 Nollaig 2020*
- Aonad Uisce an Gharda, Baile Átha Luain – *críochnaithe 12 Nollaig 2020*
- Pailliún EXPO, Dubai – *críochnaithe 15 Nollaig 2020*

Tionscadail ar na suíomhanna seo i rith 2020:

- Gates of Justice, Caisleán Bhaile Átha Cliath
- Cruinneachán na gCeithre Cúirteanna
- Geataí Pháirc an Fhionnuisce

Conarthaí bronnta agus atá ar na suíomhanna seo faoi láthair:

- 1GQ - Feistiú
- Scoil nua Cheann Toirc
- Foirgneamh Éilísiam - Feistiú
- Oifig na Roinne Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta, Tuaim – athchóiriú
- Teach Háicín – leagan go talamh
- Stáisiún na nGardaí – Droichead Átha – Oibreacha slándála
- Teach an Fhionnuisce – Feistiú

Tairiscintí eisithe do Thionscadail atá le tosú i 2021:


- Oifig na bPasanna Bhaile Brigín – feistiú
- Stáisiún an Gharda Cóta, Na Clocha Liatha – foirgneamh nua
- Stáisiún na nGardaí, Coill an Chollaigh – foirgneamh nua
- Oifig Dhraenála Átha Cinn – foirgneamh nua
- Stáisiún na nGardaí an Bhábhúin Bhuí – athoscailt

Thug OOP tosaíocht do bhearta suntasacha maidir leis an mBreatimeacht i rith 2020. Rinneadh oibreacha ar ár n-infreastruchtúr ag Calafort Bhaile Átha Cliath, ag Eorophort Ros Láir, agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go mbeidh dóthain áiseanna iniúchta ar fáil chun freastal ar an méadú ar rialú agus seiceálacha custaim, sláinte, sláintíochta agus fiteashláintíochta (SPS) a bheidh i gceist sa trádáil leis an Ríocht Aontaithe de bharr go bhfuil siad imithe as an Aontas Eorpach. Díriodh ar an obair chun a chinntiú go bhféadfadh an Stát leanúint ar aghaidh ag oibriú go héifeachtach sa chás go n-imeodh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach go tobann - Breatimeacht Gan Margadh a bheith déanta/Breatimeacht Crua mar a tugadh air.

Bhunaigh OOP foireann thiomnaithe ildisciplíneach mar fhreagairt ar threoir an Rialtais maidir le háiseanna substaintiúla infreastruchtúir a fhorbairt. Bhí dóthain áiseanna curtha ar fáil don bhunspríodhata ar an 29 Márta 2019, agus forbraíodh áiseanna breise de réir a chéile chun a bheith réidh do gach spríodhata ina dhiaidh sin – 12 Aibreán, 31 Deireadh Fómhair agus 31 Nollaig 2020. San iomlán, d'fhorbair Aonad Breatimeachta OOP 28 tionscadal ar fud 24 láithreán ar limistéar timpeall 20 acra ag Calafort Bhaile Átha Cliath chomh maith le deich n-acra eile i Ros Láir.

Tá Aonad Breatimeachta OOP ag méadú acmhainne ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus tá stóras saintógtha á réiteach chun ceithre bhá iniúchta breise a sholáthar do SPS agus do sheiceálacha sábháilteachta bia chomh maith le trí bhothán seiceála do na Coimisinéirí Ioncaim agus cóiríocht foirne a bhaineann leis sin. Tá sé seo le bheith críochnaithe faoi R4 2021.

Tá OOP ag obair ar mháistirphlean don chalafort i Ros Láir i gcomhar le húdarás an Chalafoirt in Eorophort Ros Láir. De thoradh ar an bplean seo, cuirfear ollionad saincheaptha stáit ar fáil ina mbeidh 13 bá iniúchta le haghaidh SPS agus seiceálacha sábháilteachta bia, 3 bhothán seiceála do na coimisinéirí ioncaim, spás páirceála do 48 HGV, oifig phoiblí, áiseanna seiceála cáipéisí agus séala, áiseanna do thiománaithe, oifig bainistíochta áiseanna agus Pointe Cigireachta Teorann i dtaca le hAinmhithe Beo. Táthar ag súil go gcuirfear iarratas pleanála isteach go luath.



CUSPÓIR: Tacú le ról Ailtire/Phríomh-Ailtire an Stáit agus Polasaí Ailtireachta an Rialtais a chur i bhfeidhm

Is é an tAiltire/Príomh Ailtire an Stáit a thugann comhairle don Rialtas maidir le gnóthaí ailtireachta.

Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí, i 2020:

- Rinne OOP athbhreithniú ar Chonarthaí Tógála an Rialtais (CTR). Cuireadh tuarascáil i gcrích i 2020 maidir leis an gcineál conarthaí atá ann faoi láthair agus breathnaíodh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tionscadail phoblí a chur i gcrích ar bhealach níos fearr.
- Rannpháirtíocht ar Choiste um Chonarthaí Tógála an Rialtais maidir le polasaithe soláthar agus conarthaí a thacaíonn le caighdeán ailtireachta i dtionscadail atá á maoiniú ag an stát.
- Gníomh 118 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide – *Tá treochlár á fhorbairt ag OOP chun cur leis an méid roghanna ábhar tógála ar bheagán carbóin a bhítear a úsáid.*
- Máistirphleananna a fhorbairt maidir le lonnaitheacht i bpríomhfhoirgnimh agus láithreáin straitéiseacha faoi úinéireacht an stáit, mar shampla, obair leanúnach ar mháistirphlean Theach an Chustaim.
- Comhairliúchán i dtaca le reachtaíocht agus rialacháin a bhaineann le caighdeán na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha, ina measc ionadaíocht a dhéanamh thar ceann OOP i réimsí ar nós Ghrúpa Oibre Earnáil na Tógála.
- Déanann Oifig an Ailtire Stáit/Príomh-Ailtire ionadaíocht thar ceann OOP ar dhá choiste comhairleacha maidir le leasuithe ar na rialacháin tógála reatha.
- Comhairliúchán maidir le caighdeán deartha na dtionscadal infreastruchtúir, ina measc; tograí MetroLink, Máistirphlean Geata Heuston agus Tionscadal Ceoldrámaíochta Luimnigh 2030.
- Comhairle a chur ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi thábhacht na bhfoirgneamh stairiúil, faoi Alt 482 den Acht Airgeadais.
- Comhairle a chur ar na Ranna cuí faoi chúram séadchomharthaí agus caomhnú, athchóiriú agus athúsáid na bhfoirgneamh stairiúil.
- Moltaí a dhéanamh faoi fheidmiú bogearraí Building Information Modelling (BIM) do shealúchas an Rialtais.
- Comhairle agus ionchur a sholáthar don athbhreithniú agus uasdátú ar Pholasaí an Rialtais ar Ailtireacht. Comhairle a thabhairt faoi fheidmiú an Pholasaí Ailtireachta. Ionchur a sholáthar d'fhorbairt Pholasaí Ailtireachta ag leibhéal an AE.
- Rannpháirtíocht i dtaispeántais agus i gcomhdhálacha ailtireachta agus timpeallachta tógtha.
- Seirbhísí ailtireachta gairmiúla a sholáthar do roinnt tionscadal. I measc na dtionscadal a críochnaíodh i 2020, bhí, Ionad Ealaíne na hÉireann i Nua Eabhrac, Pailliún na hÉireann do EXPO Dubai 2020 agus na hoibreacha cobhsaíochta ar Ionad The Aquatic House ag Garraithe Náisiúnta na Lus.
- Cuireadh deontais agus tacaíocht ar fáil d'Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann agus do Chartlann Ailtireachta na hÉireann.
- Ciste Bonneagair Spóirt ar Scála Mór - Tá maoirseacht theicniúil agus tuairisciú á sholáthar ag Oifig an Ailtire Stáit/Príomh-Ailtire maidir le deontais a thugann an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt do thionscadail chaipitil.
- Aonad Comhairleach Pleanála - Comhairle pleanála agus ionchur maidir le tionscadail aonair agus nósanna imeachta beartas in aonaid ghnó OOP ar fad. Déanann ár saineolaithe inmheánacha pleanála an obair seo d'Oifig an Ailtire Stáit/Príomh-Ailtire faoi mhaoirseacht an APA.

CUSPÓIR: Cleachtas a spreagadh a uas-mhéadaíonn éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí

Tá OOP ag leanacht ag forbairt an fheachtais éifeachtúlachta fuinnimh 'Optimizing Power @ Work' i bhfoirgnimh an Rialtais Láir agus na hEarnála Poiblí. Sa chlár an Rialtais Láir, baineadh amach sábháil fuinnimh bliantúil de 25% (275 foirgneamh) (chomh maith le thart ar €8.7m a shábháil ar chostas bliantúil). Tá clár na hearnála poiblí leathnaithe anois go dtí os cionn 70 foirgneamh, ina bhfuil eagraíochtaí éagsúla lonnaithe, agus dá bharr seo tá sábháil fuinnimh bliantúil de 10.25% á bhaint amach.

Maidir le spriocanna fuinnimh OOP féin, léirigh "Tuarascáil Bhliantúil 2020 um Fheidhmiú Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí" de chuid Údarás um Fhuinnimh Inmharthana Éireann (SEAI) go bhfuil an eagraíocht ag sábháil 20.9% d'fhuinneamh agus tá 14GWH de príomhfhuinnimh atá bainteach leis seo á shábháil, chomh maith.

I 2020 chuir OOP i gcomhpháirtíocht le ÚFIÉ arís, agus ag fáil maoinithe ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCA) clár oibreacha iarfheistithe ar fáil i bhfoirgnimh Thithe an Rialtais. Cuireadh maoiniú de €3m ar fáil i 2020.



4.3 Bainistiú na nEastát - Seirbhísí Oidhreachta

Is í OOP an phríomhghníomhaireacht a dhéanann cúram de chaomhnú agus chur i láthair ár sealúchas cultúrtha agus oidhreachta agus tá sí freagrach as cothabháil laethúil, oibriú agus cur i láthair ár Séadchomharthaí Náisiúnta agus Sealúchas Stairiúil atá faoi chúram an stáit.

De ghnáth, cuireann OOP féin nó an Oifig i gcomhar le páirtithe áitiúla seirbhísí do chuartheoirí ar fáil ag 70 ionad; tháinig laghdú mór air seo i 2020 de bharr an tionchar a bhí ag Covid-19. Ag cuid de na hionaid is mó cáil, tá freagracht orainn chomh maith i leith chothabháil agus fás plandaí chomh maith leis an timpeallacht a chosaint don fhóra agus fhána atá faoi chosaint mar aon le cúram a dhéanamh de bhailiúcháin shuntasacha déantán, ealaíne agus stairiúla. In ainneoin na srianta a bhí i bhfeidhm i 2020, leanadh ar aghaidh ag déanamh cúraim díobh seo. Leanadh freisin ag déanamh cothabhála ar Shéadchomharthaí Náisiúnta atá faoi chúram an stáit agus cuireadh roinnt tionscadal caomhnaithe chun cinn, ach ag an am céanna, cloíodh go hiomlán le srianta víris an Rialtais maidir le obair thógála.

Cé gur cuireadh isteach ar ghnáthphatrún oscailte na láithreán don phobal, bhí rochtain ag an bpobal ar go leor páirceanna OOP le linn na dianghlása, mar thacaíocht riachtanach do shláinte an phobail agus d'fholláine mheabhrach agus choirp. Cé gur tháinig laghdú mór ar an líon cuairteoirí chuig na suíomhanna de bharr threoirilinte um chosc an víris, measadh gur chóir roinnt seirbhísí a bheith ar fáil ar bhonn tosaíochta chun tacú le hearnáil na turasoireachta agus feabhsaíodh an tacaíocht seo trí dheireadh a chur le táillí iontrála ag mórchuid na suíomhanna.

CUSPÓIR: Na hionaid oidhreachta, na foirgnimh, na páirceanna agus gairdíní atá faoinár gcúram a chosaint agus a chaomhnú, agus béim a leagan ar chaighdeán an chaomhnaithe

Lean OOP ag déanamh cothabhála agus cúraim de na Séadchomharthaí Náisiúnta agus de na sealúchais Oidhreachta atá faoi chúram an Stáit, in ainneoin na ndúshlán oibríochtúla a bhain le Covid-19.

Cúirt Ioma: Thosaigh OOP ar an dara céim de mhóroibreacha móra ar Chúirt Ioma, Co. Laoise, atá á mhaoiniú ag an gcéad incrimint den Chiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe.

Rinneadh oibreacha mar a leanas:

- Tosaíodh ar athchóiriú mór ar urlár na talún agus bhí uasghrádú suntasach ar chórais thógála i gceist anseo.
- Cuireadh obair ar an ngarraí imfhálaithe i gcrích.
- Fostaíodh Blackwoods & Associates chun Plean Bainistíochta Caomhnaithe a ullmhú don eastát ar fad.

Cúirt Dhún Ar Aill: In ainneoin shrianta Covid, chuir OOP oibreacha i gcrích ar na Tailte Pléisiúir agus ar na Gairdíní Imfhálaithe i 2020, agus tá daoine ábalta taitneamh a bhaint as na saoráidí seo nuair a thugann siad cuairt ar an Teach agus na Garraithe i nDún Ar Aill.

Garrán Áine: Fuair OOP maoiniú ó chlár CAFT (RRDF) agus d'fhostaigh siad comhlacht Ailtireachta Howley Hayes. Chuir siadsan foireann ildisciplíneach le chéile chun Máistirphlean a ullmhú don láthair iomlán agus chun scéim a réiteach d'athchóiriú an tí féin agus na foirgnimh eile ina thimpeall agus ansin an plean sin a ullmhú don phróiseas pleanála. Rinneadh tuilleadh oibre ar an mbailliúchán plandaí sna Garraithe agus táthar ag súil go n-osclófar na garraithe go hoifigiúil i mí Bealtaine 2021.

TIONSCADAIL CHAOMHNAITHE AR SHÉADCHOMHARTHAÍ: Ag cloí le bearta Covid-19 an Rialtais, lean an obair ar roinnt tionscadal caomhnaithe, daingnithe, deisiúcháin agus sláinte agus sábháilteachta ag láithreacha Séadchomharthaí Náisiúnta, ina measc:

- Caisleán Phort Omna
- Mainistir Chliara ar Oileán Chliara
- Mainistir an Dún Mhóir
- Inis Cathaigh
- Teach an Phiarsaigh agus an Muileann Nua
- Mainistir Sheireapúin
- Prióireacht Cheannais
- Prióireacht na nDoiminiceach ag Lothra
- Caisleán Eas Géitine
- Caisleán Bhéal Átha Málais
- Caisleán Chúirt an Bharraigh
- Mainistir Chill na Malach
- Mainistir Bhaile an Sceilg
- Cloigtheach Ráth Tuaidh
- Mainistir Shligigh
- Cairlinn (críochnaíodh tionscadal rochtana, sábháilteachta agus cur i láthair do chuairteoirí i rith na bliana)
- Caisleán Ros Comáin (faoi dheireadh na bliana, críochnaíodh tionscadal chun deis a thabhairt do dhaoine dul suas staighre nua chuig ceann de cheithre thúr an Chaisleáin agus beidh sé réidh le hoscailt don phobal nuair a cheadófar é sin a dhéanamh.)

Gradam na mBrat Glas: I 2020, bronnadh roinnt mhaith Brat Glas ar OOP chomh maith le Creidiúnú Idirnáisiúnta ar Fheabhas Pháirceanna, as a mbainistiú páirceanna agus spásanna glasa ag Faiche Stiabhna, Baile an Chaisleáin, Doire Fhionnáin, Oileán an Chuilinn, Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin, Gairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann agus Páirc an Fhionnuisce.

Staidéar um Iompar agus Soghluaisteacht Pháirc an Fhionnuisce: I mí Iúil, bhunaigh an tAire Stáit in Oifig na nOibreacha Poiblí, an tUasal Patrick O'Donovan TD, Grúpa Stiúrtha ar a raibh Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí agus Príomhfheidhmeannaigh an Údarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall chun maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú staidéir maidir le roghanna iompair agus soghluaisteachta. Is í an aidhm atá leis an staidéar ná sláine Pháirc an Fhionnuisce mar shaoráid fóillíochta don phobal a chinntiú mar aon le rochtain inbhuanaithe a chur ar fáil do chách.

Críochnaíodh an Staidéar i 2020 ag pointe rithábhachtach i stair na Páirce, go háirithe de bharr go raibh tóir ag na sluaite daoine, níos mó ná mar a bhí riamh cheana ar an bPáirc le linn Phaindéim Covid-19. Thug sé deis athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar roghanna a rachaidh chun leasa Pháirc an Fhionnuisce agus na ndaoine a bhaineann úsáid aisti anois agus sa todhcháí.

Bithéagsúlacht: I 2020, chríochnaigh éiceolaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, iniúchadh a mhair ar feadh bliana ar an mbithéagsúlacht ag Áras an Uachtaráin. In ainneoin briseadh dhá mhí ar shampláil le linn an Earraigh, de bharr shrianta Covid-19, léirigh an staidéar go bhfuil 14 gnáthóg ar leith ar an suíomh 130 acra i mBaile Átha Cliath ina bhfuil 800 speiceas éagsúil plandaí, ainmhithe agus fungas.

Ba é aidhm an staidéir an bhithéagsúlacht ar an suíomh seo a mheas chun go mbeifí ábalta aon athruithe a rianú, chomh maith le moltaí a dhéanamh maidir le cur leis agus caomhnú níos fearr a dhéanamh ar an bhfiadhúlra atá ar an suíomh seo. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Uachtaráin, Michael D. Ó hUiginn i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá plean ullmhaithe ag OOP chun na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil a chur i bhfeidhm.



CUSPÓIR: Ár láithreáin oidhreachta a chur i láthair agus míniú a thabhairt orthu chun an leas is fearr a bhaint astu agus a chinntiú go gcuirfidh siad leis an turasóireacht agus go mbainfidh cuairteoirí taitneamh astu agus go gcuirfear lena n-eispéireas oideachasúil chomh maith

Déanann foireann OOP a ndícheall eispéiris léirmhínithe fíora, ar ard-chaighdeán a chur ar fáil ag ár n-ionaid Oidhreachta ar mhaithe le cuairteoirí agus turasóirí chomh maith le hinfheistiú agus athnuachan a dhéanamh in infreastruchtúr turasóireachta agus í mar aidhm againn caighdeán eispéiris na gcuairteoirí agus na dturasóirí ag na suíomhanna seo a fheabhsú. Cé go raibh na páirceanna oscailte den chuid is mó, tháinig laghdú suntasach ar líon na gcuairteoirí chuig na foirgnimh oidhreachta i rith 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19.

De bharr gur coinníodh teagmháil rannpháirtíochta ar leibhéal éigin le cuairteoirí agus le daoine eile ar spéis leo suíomhanna OOP, glacadh le cineálacha cur chuige nua, agus baineadh úsáid as acmhainní ar líne, go háirithe chun cainteanna, taibhíthe agus imeachtaí eile a chur ar fáil i rith an tséasúir agus, go háirithe, le linn Sheachtain na hOidhreachta.

Ionad Féachana Nua – Ionad an Bhlascaoid, Dún Chaoin

Ar an 28 Iúil 2020, d'oscail Patrick O'Donovan T.D., an tAire Stáit ag OOP Ionad féachana iontach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, ag Ionad an Bhlascaoid atá suite ar bharr aille. Tá an tIonad á réachtáil ag OOP i nGaeltacht Chiarraí. Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhpháirtíocht straitéiseach le Fáilte Éireann an t-ionad nua iontach seo a chuireann go mór le hinfreastruchtúr turasóireachta Leithinis an Daingin. Is iad comhlacht Ailtireachta Paul Arnold a dhear an tIonad.

Tá sé seo ann de bharr infheistiúcht mhór a rinne na comhpháirtithe straitéiseacha Fáilte Éireann, OOP agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoin straitéis 'Tionscadal Éireann' 2040 an Rialtais. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal borradh inbhuanaithe a spreagadh in earnáil turasóireachta na hÉireann, ioncam níos airde a chinntiú agus poist a chruthú ar fud na hÉireann. Mar chuid de thionscadal Ionad an Bhlascaoid, rinneadh athchóiriú ar theach an scríbhneora iomráitigh, Tomás Ó Criomhthain ar an mBlascaod Mór chomh maith le huasghrádú mór ar na taispeántais ag Ionad an Bhlascaoid agus ar an Ionad Féachana, atá díreach oscailte.

Is pointe fócais atá ann freisin do chuireoirí chuig Leithinis an Daingin ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin chun Oileáin an Bhlascaoid a fheiceáil ar bhealach slán sábháilte. Tá an siúlbealach agus an tIonad Féachana oiriúnach do dhaoine de gach aois agus cumais agus tugann a leithéid seo deis do raon cuairteoirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta cuairt a thabhairt ar áiteanna iontacha den chineál seo. Léiríonn an tionscadal chomh tiomanta agus atá OOP maidir le hoidhrecht agus cultúr an Bhlascaoid Mhóir.



Brú na Bóinne/Sí an Bhrú

Ar nós a lán ionad eile de chuid OOP, bhí Ionad Bhrú na Bóinne agus Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA ag Sí an Bhrú dúnta ar feadh an chuid is mó den bhliain de bharr shrianta Covid-19. In ainneoin sin, chuir foireann an Ionaid imeachtaí agus taispeántais ar fáil ar líne:

Feabhra 2020

Reáchtáil OOP i gcomhar le Cumann Réalteolaíochta na hÉireann sraith oícheanta amhairc ar na réalta ag Cnóbha, a leag béim ar thábhacht Chnóbha agus Sí an Bhrú agus suíomhanna eile i nGleann na Bóinne ó thaobh na Réalteolaíochta de.

Meitheamh 2020

Léirigh alt a foilsíodh san iris eolaíochta tábhachtach, *Nature*, torthaí ainlíse eolaíoch an-suntasach maidir le hiarsmaí daonna a fuarthas ag Séadchomharthaí Náisiúnta ar fud na tíre. Rinne foireann idirnáisiúnta seandálaithe agus géineolaithe faoi stiúir Choláiste na Tríonóide an taighde seo agus tugann sé léargas nua ar shéadchomharthaí Bhrú na Bóinne agus tuamaí pasáiste eile de chuid na hÉireann, m.sh. fuarthas amach go bhféadfadh sé go raibh fear fásta a adhlacadh i Sí an Bhrú thart ar 3,200 RC mar dhuine den scothaicme sóisialta a bhí i gceannas.

Meán Fómhair 2020

Sheol an tseirbhís treorach ag Brú na Bóinne seirbhís gréasáin oideachais nua do scoileanna agus deardh agus foilsíodh acmhainní nua ar líne, saor in aisce do mhúinteoirí agus do mhic léinn.

Mí na Nollag 2020

Chraol Oifig na nOibreacha Poiblí Grianstad an Gheimhridh beo ó Shí an Bhrú i Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne ar 3 mhaidin; 20, 21 agus 22 Nollaig. D'oibrigh OOP le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i bpoiblíú na hócáide ar fud an domhain agus fuarthas aiseolas an-dearfach. Arna chur i láthair ag Clare Tuffy, OOP agus an Dr Frank Prendergast, bhí an-tóir ar na craoltaí agus taifeadadh gur breathnaíodh 2,632,000 babhta ar an ócáid ar chainéil ar líne OOP.

Sceilig Mhichíl

Níor osclaíodh Sceilig Mhichíl, an dara Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA atá faoi chúram OOP, don phobal i rith shéasúr 2020 mar a bhíodhas ag súil leis. Ina ainneoin sin, leanadh den obair ar an oileán féin agus rinne foireann bheag oibre tascanna cothabhála riachtanacha agus tosaíodh ag obair arís ar thionscadal an Tí Solais.

Leanadh den obair ar Phlean Bainistíochta 10 mbliana a réiteach, ag teacht le rialacha EOECA do Láithreáin Oidhreachta Domhanda. Faoi dheireadh na bliana, seoladh dréachtphlean i gcomhair chomhairliúchán poiblí agus táthar ag súil go bhfoilseoidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an phlean i 2021.

Caisleán Bhaile Átha Cliath

De bharr phaindéim Covid-19, cuireadh srianta ar oibreacha a bhain le cuairteoirí chuig an gCaisleán i 2020; mar sin féin, d'éirigh leis an bhfoireann líon suntasach imeachtaí agus taispeántas a reáchtáil agus chuir siad clár nuálach gníomhaíochtaí ar fáil ar líne ar fud na meán sóisialta ar fad. Bhí an Caisleán ina shuíomh tábhachtach le haghaidh taibhithe agus bhain lucht féachana in Éirinn agus go hidirnáisiúnta taitneamh as maorgacht an Chaisleáin de thoradh an chláir a cuireadh ar fáil ar líne i gcomhar le príomh-eagraíochtaí ealaíne na hÉireann

Is áit thábhachtach é Caisleán Bhaile Átha Cliath do ghnó Rialtais chomh maith. De bharr riachtanais um scaradh sóisialta, chuir OOP Lár-Ionad Comhdhála Hibernia i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar fáil do chruinnithe comh-aireachta chun deis a thabhairt do na hairí a ngnó a dhéanamh ar bhealach sábháilte. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú agus athchóiriú ar roinnt seomraí in aice leis an ionad comhdhála, agus cuireadh ar fáil iad do na páirtithe comhrialtais éagsúla.

Mórthaispeántais

Deireadh Fómhair 2019 – Feabhra 2020**Birds, Bugs and Butterflies: Lady Betty Cobbe's 'Peacock' Worcester Porcelain**

D'inis an taispeántas seo an scéal faoi choimisiniú fhoireann iontach de phoircealláin Worcester do Theach an Droichid Nua, Domhnach Bat ó 1763 ar aghaidh, agus an ceangal a bhí idir seo agus ceardaithe Éireannacha mar na ceannaithe sceana, Thomas Read. Léiríodh freisin cá ndeachaigh an poircealláin seo ina dhiaidh sin le linn Chogadh Saoirse na hÉireann agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh le déanaí chun na píosaí a thabhairt le chéile arís.

Deireadh Fómhair 2019 – Eanáir 2020**Gailearaí Theach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath: Ireland Glass Biennale**

Léirigh an taispeántas leathbhliantúil seo a cuireadh ar siúl i gcomhar leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearthóireachta an chuid is fearr de chleachtas comhaimseatha déanamh gloine in Éirinn agus spreag sé tuiscint níos forleithne ar an acmhainneacht chruthaitheach a bhaineann le gloine.

February 2020 – October 2020**100 Years of Women in Politics and Public Life**

Scrúdaigh an taispeántas seo 100 bliain de rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht agus sa saol poiblí in Éirinn. Thug an taispeántas léargas ar scéalta na mban iomráiteach agus ar scéalta na mban nach raibh an oiread sin eolais fúthu, ach a chuir go mór le saol polaitiúil agus poiblí na hÉireann le céad bliain anuas.

Márta 2020 – Eanáir 2021**Splendour and Scandal: The Office of Arms at Dublin Castle**

Scrúdaigh an taispeántas seo oifig rúnda Rí Armas Uladh agus a chomharba, oifig Phríomh-Aralt na hÉireann. Breathnaíodh ar ghníomhaíochtaí éagsúla le linn na 150 bliain a raibh na hoifigí seo lonnaithe i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ó goideadh Rísheoda na hÉireann go dtí gur cruthaíodh stát neamhspleách na hÉireann agus dearadh bhratach an Aontais Eorpaigh.

Imeachtaí

18 – 26 Eanáir**Tradfest – Printworks/An Séipéal Ríoga**

Féile bhliantúil, ar siúl ar feadh seachtaine ag ceiliúradh Ceol traidisiúnta na hÉireann. Grúpaí ó gach cearn den domhan agus ó gach cearn den tír ag seinm don phobal, inár n-ionaid.

14 Feabhra**Ceolchoirm le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann – Printworks**

Sheinn Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann sians 7 le Beethoven chun comóradh a dhéanamh ar 250 bliain ó rugadh an cumadóir.

17 Meán Fómhair**Oíche Chultúir i gomhpháirtíocht le RTÉ**

Scannánú ar dhamhsa comhaimseartha istigh in Árasáin an Stáit. Craoladh é seo ar RTÉ nuair a bhíodhas ag seoladh na hOíche Cultúir ar an 17 Meán Fómhair.

27 – 28 de Mheán Fómhair**Sárcheol i dTithe na hÉireann – An Seipéal Ríoga**

Scannánú ar fhéile cheoil bhliantúil. Sruthaithe do dhaoine a raibh ticéid acu, sa bhaile.



Músaem Chill Mhaighneann

De bharr Covid-19, bhí srianta móra ar oscailt an Phríosúin i 2020, ar nós mórchuid na suíomhanna eile; mar sin féin, d'éirigh leis an bhfoireann oibre anseo líon mór imeachtaí a reáchtáil agus chruthaigh siad timpeall 60 físeán go himmheánach, a cuireadh suas ar líne ina dhiaidh sin. Scrúdaigh na gearrscannáin seo stair an fhoirgnimh agus thug siad deis do chuartheoirí áiteanna a fheiceáil nach mbeadh le feiceáil ag an bpobal de ghnáth. Breathnaíodh ar scéalta áirithe i roinnt de na físeáin, mar shampla, scéal na Invincibles. Baineadh úsáid as na físeáin seo mar cheann de na príomhbhealaí ina ndearna OOP comóradh ar dhátaí suntasacha le linn 2020.

Roinnt imeachtaí eile:

Dáta	Imeacht	Teideal	Cuntas
24 Eanáir	Tradfest – Imeacht i dTeach na Cúirte	'Last Night's Fun'	Saothar an fhile Ciarán Carson á cheiliúradh i bhfocail agus le ceol ag na ceoltóirí Stephen Rea agus Neil Martin agus ag an aisteoir Stephen Rea
25 & 26 Eanáir	Tradfest – Imeacht sa Phríosún	Ceolfhoireann Cheol Tíre na hÉireann	
13 Feabhra	Irish Times	Phótaisheisiún i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na mBan	
Feabhra - Aibreán	Taispeántas	Athchúrsáil, Athearraíocht, Athshamhlaíocht: Athrú Réada ó bhun i bPríosún Chill Mhaighneann	Bhí earraí ó bhailiúchán Phríosún Chill Mhaighneann ar cuireadh athrú ó bhonn orthu ar taispeáint sa taispeántas seo. Cuireadh béim ar leith ar an mbealach ar úsáid na príosúnaigh na hacmhainní a bhí ina dtimpeall le linn dóibh a bheith i ngéibheann agus ba mhinic a léiríodh clisteacht agus samhlaíocht thar na bearta ina saothar.
14 Iúil	Taibhiú/craoladh Beo	Fontaines DC	Ba léiriú beo ar líne é seo leis na Fontaines DC as Sciathán Thoir aitheanta an Phríosúin. Craoladh é mar chuid de shraith <i>Other Voices</i> de chuid RTÉ.
19 Deireadh Fómhair	Scannáin Yellow Asylum	Scannánú do Thionscadal na nÉireannach Aontaithe	

Taispeántais agus Imeachtaí ar líne:

Dáta a seoladh	Teideal	Cuntas
14 Deireadh Fómhair 2020	Taispeántas um chomóradh céad bliain ar mharú Sheán Treacy	Cuireadh taispeántas ar siúl ag comóradh mharú Sheán Treacy céad bliain ó shin, ar an 14 Deireadh Fómhair 1920, mar chuid den taispeántas buan. Bhí roinnt earraí suntasacha sa taispeántas seo a bhain leis an marú, ina measc ceann de na bróga a chaith sé nuair a caitheadh é agus dlaoi dá chuid gruaige a thóg a chara agus agus a chomrádaí, Dan Breen. Bhí leagan den taispeántas seo le feiceáil ar líne, ar shuíomh Gréasáin 'Cogadh na Saoirse' de chuid RTÉ.
21 Samhain 2020	Taispeántas um chomóradh céad bliain mharú Dick McKee, Peadar Clancy, Conor Clune	Cuireadh taispeántas ar siúl ag comóradh mharú Dick McKee, Peadar Clancy, Conor Clune céad bliain ó shin, ar an 21/22 de mhí na Samhna i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, i ndiaidh Dhomhnach na Fola 1920, mar chuid den taispeántas buan. Bhí réada ar nós fainne cuimhneacháin a rinneadh don bhean a bhí geallta le McKee agus cárta comhbhróin a d'fhág Micheál Ó Coileáin ar chónraí McKee agus Clancy sa taispeántas. Bhí leagan den taispeántas seo le feiceáil ar líne, ar shuíomh Gréasáin 'Cogadh na Saoirse' de chuid RTÉ.
30 Nollaig 2020	Dónall Ó Conaill agus éirí amach Theach na Cúirte, Cill Mhaighneann, 30 Nollaig 1820.	Rinne an taispeántas seo, a bhí i bhfoirgneamh Theach na Cúirte comóradh dhá chéad bliain ar éirí amach faoi cheannas Dhónaill Uí Chonaill ag cruinniú de Shaorshealbhóirí Chontae Bhaile Átha Cliath ar an 30 Nollaig 1820.
24 Meitheamh 2020	Bród Bhaile Átha Cliath 2020 – Clár Older than Pride <i>Turas Staire Fíorúil a bhain le pobal LADTI ar Phríosún Chill Mhaighneann I</i>	Thaifead muid turas 'fíorúil' staire de Phríosún Chill Mhaighneann a bhain leis an bpobal LGBTQIA+ mar chuid d'fhéile ar líne 'Bród Bhaile Átha Cliath' 2020. Bhí seisiún beo Ceisteanna agus Freagraí, le Brian Crowley i ndiaidh an turais.
24 Meitheamh 2020	Seachtain na hOidhreachta 2020 <i>Iníúchadh ar Ealaín agus Oideachas Príosúnach i mBailiúchán Phríosún Chill Mhaighneann</i>	Sa chaint ar líne seo, breathnaíodh ar ábhar ó bhailiúchán Phríosún Chill Mhaighneann a bhain le hiarrachtaí oideachais agus ealaíne na bpríosúnach le linn dóibh a bheith faoi ghlas. Tugadh deis do phríosúnaigh polaitiúla scileanna nua a fhorbairt agus foghlaim óna chéile, fad agus a bhí siad sa Phríosún. Is minic a bhíodh ealaín, ceardaíocht, oideachas agus cruthaitheacht mar bhealach chun déileáil leis an leadrán agus leatrom a bhaineadh le bheith faoi ghlas i bpríosún. Cuireadh an chaint ar fáil trí leathanaigh Facebook Phríosún Chill Mhaighneann, agus ar chainéal YouTube OOP.
20 Lúnasa 2020	Seachtain na hOidhreachta 2020 <i>Séiseanna Thomas Moore's i bPríosún Chill Mhaighneann agus i Músaem an Phiarsaigh</i>	Scrúdaigh an físeán seo, a coimisiúnaíodh go speisialta, an chaoi a bhfuil baint ag Príosún Chill Mhaighneann agus Músaem an Phiarsaigh le trí cinn de shéiseanna cáiliúla Éireannacha Thomas Moore. San fhíseán seo, taispeánadh na trí amhrán á gcanadh ag na deirfúracha Teresa agus Mary Louise O'Donnell in atmaisféar speisialta Phríosún Chill Mhaighneann agus Músaem an Phiarsaigh. Cuireadh ar fáil é ar leathanaigh Facebook Músaem an Phiarsaigh agus Phríosún Chill Mhaighneann, agus ar chainéal YouTube OOP.
12 Meán Fómhair 2020	Dublin Festival of History <i>Stair Chill Mhaighneann a bhaineann le LGBTQIA+</i>	Sa chaint ar líne seo, tugadh turas staire fíorúil a bhain leis an bpobal LGBTQIA+ ar Chill Mhaighneann agus cuireadh réada i láthair ó mhúsaem Phríosún Chill Mhaighneann a bhí bainteach leis an bpobal LGBTQIA+.

Teach Bhaile An Chaisleáin

Márta 2020

Seoladh Sheomra Bhantiarna Chill Dara

I mí an Mhárta 2020, d'oscail Oifig na nOibreacha Poiblí i dteannta Fhondúireacht Bhaile an Chaisleáin Seomra Bhantiarna Chill Dara, i mBaile an Chaisleáin go hoifigiúil don phobal.

Lúnasa 2020

Cosán Draíochta Bithéagsúlachta

I mí Lúnasa 2020, d'oscail OOP cosán draíochta nua atá oiriúnach do theaghlaigh, le téama na bithéagsúlachta, sna Gairdíní Pléisiúir i mBaile an Chaisleáin. Tá eolas tugtha go dátheangach i rith an chosáin agus tugtar na cuairteoirí ar chamchuart chun go bhfeicfidh siad an Bithéagsúlacht atá anseo i mBaile an Chaisleáin.

Deireadh Fómhair 2020

Sárshaothair Mezzo

Oíche Shamhna, thug Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí léiriú sármhaith leis an Soprán Mezzo, Sharon Carty ón nGailearáí Fada, i dteannta Cheolfhoireann Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann a bhí in áiteanna éagsúla de bharr riachtanais a bhain le scaradh sóisialta.

Caisleán Rath Fearnáin

In ainneoin shrianta Covid in 2020, bhí ról tábhachtach ag Caisleán Rath Fearnáin i saol cultúrtha na Príomhchathrach. Cuireadh réimse taispeántas agus imeachtaí ar fáil, ina measc:

Féile Bowie Bhaile Átha Cliath: Silhouettes and Shadows

Anseo, bhí taispeántas portráidí agus dealbhóireachta le Sara Captain (RA) agus Maria Primolan (an Iodáil) chomh maith le caint ó Sara Captain faoi thionchar na gluaiseachta réamh-Rafaeilíteach ar David Bowie.

Tradfest

Míreanna ceoil le Shane Hennessy, Michelle agus Louise Mulcahy, Micheál Ó Raghallaigh, Maurice Lennon, Ciara Brennan agus Chris Dawson.

They went and saw a palace hanging from a silken thread

Taispeántas de shaothar Sven Sandberg, coimeáda faoi chúram Berlinin Opticians Gallery.

Courageous Women Castle to Castle

Ócáid ar líne ina raibh comhráite, scéalaíocht agus léirithe le healaíontóirí, staraithe agus aoichainteoirí, ag díriú ar scéalta na mban sa stair agus a dtionchar ar ár saol inniu arna chur i láthair ag Smashing Times International Center for the Arts and Equality.

Caisleán Chairlinne

Cuireadh mórchuid na hoibre ar an mórthionscadal ag Caisleán Chairlinne i gcrích i 2019 chun rochtain shábháilte a chur ar fáil do chuariteoirí chomh maith le seirbhís ateangaireachta. Beidh an suíomh á bhainistiú agus á choimeád ag comhpháirtíocht le hlontaobhas Loch Cairlinne, a sheol Aire Stáit OOP, an tUas. Patrick O Donovan i 2020.

Carraig Phádraig

Lean OOP den obair ar thionscadal ar cuireadh tús leis i 2019, i gcomhpháirt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Fáilte Éireann agus Comhairle Co. Thiobraid Árann chun suíomh a fháil d'ionad Fáiltithe do Chuariteoirí i gCaiseal. Cuideoidh an tionscadal seo, a bhfuil Fáilte Éireann ag tacú leis, chun cuíchóiriú a chur ar rochtain do chuariteoirí agus beifear ábalta seirbhísí nua-aimseartha a chur ar fáil do chuariteoirí ag an suíomh tábhachtach seo a bhfuil an-tóir air. Faoi dheireadh na bliana, ceapadh cuibhreannas gairmiúil, faoi stiúir chomhlacht Ailtireachta Caomhnaithe, a bhfuil an-taithí acu ar an gcineál seo oibre, chun anailís a dhéanamh ar chúig shuíomh sa bhaile leis áit is fearr don Ionad nua a aimsiú.





Seirbhísí do Chuariteoirí

Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le seirbhísí éagsúla do chuariteoirí i rith na bliana:

Seirbhísí do na Bodhair/Daoine a bhfuil Deacrachtaí Éisteachta acu:

Eagraíodh turais i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) ag 12 suíomh i 2019 ach cuireadh na turais seo ar ceal i 2010 de bharr na srianta a bhain le Covid-19. Tosófar ar na turais seo arís nuair a bheidh cead sin a dhéanamh.

Oiriúint do Dhaoine le hUathachas

Ceann de spriocanna a bhí ag OOP, i 2020, ná feabhas a chur ar ár seirbhísí ag láithreáin oidhreacht do chuariteoirí atá ar speictream an uathachais agus rinneadh a lán oibre i 2020 chun an sprioc sin a bhaint amach. Sa todhcháí, beidh sé leagtha amach inár bpleananna go nglacfaidh muid páirt i bpróiseas dian creidiúnaithe ionas go mbeidh ár láithreán oidhreacht ainmnithe go hoifigiúil mar láithreán atá oiriúnach do dhaoine le huathachas. Thapaigh muid an deis le linn 2020 chun cur lenár gcuid tuisceana agus eolais agus thosaigh muid ag déanamh na n-ullmhúchán atá riachtanach chun ár sprioc a bhaint amach.

Chuaigh AslAm, Carthanacht Uathachais na hÉireann, i dteagmháil le príomhfhoirne túslíne OOP i mí Feabhra, agus ina dhiaidh sin, cuireadh seisiún oiliúna ar siúl chun cabhrú le foireann na láithreán cur chuige nua a fhorbairt chun dul i ngleic leis an leagan amach nua.

Bhí orainn gníomhaíochtaí pleanáilte, ina measc ár gcéad turas oiriúnaithe do dhaoine le huathachas ar Áras an Uachtaráin ar an 4 Aibreán a chur ar ceal de bharr shrianta Covid-19. Lean an oiliúint ar líne dár bhfoireann treorach agus díriodh go speisialta ar Threoirlínte Sóisialta a chur ar fáil do gach láithreán. Cuireadh iad seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin Oidhreacht Éireann sa dara leath den bhliain. Leanfar ag déanamh tuilleadh oibre chun aitheantas iomlán a bhaint amach do sheirbhísí do dhaoine le huathachas i 2021.

Oiliúint don Fhoireann Treorach 2020

Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna ar líne ar fáil dár bhfoireann treorach i rith 2020:

Soláthraí	Foireann Treorach	Bainisteoirí Treorach	Líon rannpháirtithe
Fáilte Éireann	Barr feabhais i dtaca le Seirbhís do Chustaiméirí Buneolas maidir le Garchabhair RGCS Sláinte & Sábháilteacht	Ceannasaíocht Foirne Éifeachtach	350
AslAm	Oiliúint Feasachta ar Uathachas Ceardlanna Feasachta ar Uathachas/seimineár gréasáin: Tuiscint a Fhorbairt Cuimsiú Uathachais in obair OOP		273 60
OOP	Dínit san Ionad Oibre (5 sheisiún)		75
Public Relations Institute of Ireland	Ceardlanna Scéalaíochta Físe Soghluaiste (2 sheisiún) <i>(Tugann an oiliúint seo comhairle agus traenáil maidir le gearrthóga a thairfeadh do na meán shóisialta ar ghléasanna soghluaiste, tá sé seo úsáideach don fhoireann a bhíonn ag uasdátú na meán sóisialta do shuíomhanna nó dóibh siúd a mbíonn baint acu le himeachtaí ar líne m.sh. Seachtain na h Oidhreacht 2020)</i>		8
Gnóthaí Poiblí Éireann	Cúrsa oiliúna maidir leis an gcaoi ar cheart le déileáil le Cuairteoirí Cancracha.		15

Clár Forbartha Turasóireachta

Leanadh leis an obair le linn na bliana ar an gClár Caipitil um Fhorbairt na Turasóireachta (2016-2020) i bpáirt le comhpháirtithe straitéiseacha, Fáilte Éireann agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO). Ar na tionscadail ar leanadh leo le linn na bliana, bhí:

- Athchóiriú agus buan-thaispeántas nua ag Ionad Cuairteoirí Achaidh Chéide, Co. Mhaigh Eo; thosaigh obair ar an suíomh i rith na bliana ach cuireadh stop leis de bharr shrianta Covid ní ba dheireanaí sa bhliain. Táthar ag súil tús a chur leis an obair in athuair i 2021 chomh luath agus a cheadófar sin a dhéanamh.
- Athchóiriú ar an bhfoirgneamh agus an léirmhíniú ag Ionad an Cheathrú Mhóir, Co. Shligigh; ní dheachaigh an obair a bhí le tosú ar an suíomh chun cinn i 2020 ach cuirfear tús leis an tionscadal seo i 2021.
- Áiseanna nua do chuairoteoirí ag Sí an Bhrú, Co. na Mí; Thosaigh an obair ar an tionscadal seo sa chéad chuid den bhliain ach de bharr shrianta Covid-19, stopadh na hoibreacha agus tosófar ar an tionscadal in athuair i 2021 chomh luath agus a cheadófar sin a dhéanamh.
- Léirmhíniú nua ag Dún Aonghasa agus láithreáin eile in Árann, Co. na Gaillimhe; cuireadh siar an obair thógála anseo de bharr shrianta Covid-19, tosófar ar an tionscadal in athuair i 2021 chomh luath agus a cheadófar sin a dhéanamh.
- Máistirphlean Bhaile Átha Cliath curtha i gcrích agus dul chun cinn déanta ar thionscadal Thúr na dTaifead.
- Dul chun cinn maidir leis na moltaí a d'eascair as athbhreithniú um Éispéreas na gCuairoteoirí i bPáirc an Fhionnuisce, rinneadh dul chun cinn ar mhórthionscadal Dhún na hArmlainne.
- Dul chun cinn ar an Ionad nua do Chuairteoirí ag Casino, Marino, Co. Bhaile Átha Cliath.
- Áiseanna do chuairteoirí ar an mBlascaod.
- Ionad Féachana íontach ag Ionad Cuairteoirí an Bhlascaoid, Dún Chaoin curtha i gcrích.

Leanadh leis an obair ullmhúcháin le linn na bliana ar fhorbairt na chéad chéime eile de thionscadail mholta idir trí chomhpháirtí: OOP, RCOG agus Fáilte Éireann.

Clár Seirbhísí Digiteacha

Cuireadh roinnt tionscadal chun cinn i rith na bliana:

Athdhearadh ar Shuíomh Gréasáin Oidhreachta Éireann

Is é [heritageireland.ie](https://www.heritageireland.ie) an príomhthairseach faisnéise OOP do chuairteoirí. Rinneadh athdhearadh iomlán ar an suíomh agus rinneadh é a athsheoladh i 2020.

Tá an suíomh Gréasáin nua ar ardchaighdeán, agus tá cuma mhealltach, cheannasach agus shuimiúil air. Léiríonn an suíomh gréasáin na láithreáin oidhreachta atá á mbainistiú ag OOP, tugann sé cuntas ar na seirbhísí atá ar fáil agus spreagann sé cuairteoirí ón tír seo agus ó thíortha eile iniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Léiríonn an suíomh seo freisin an obair a dhéanann OOP i gcúram agus i gcaomhnú ár láithreán agus ár mbailiúchán oidhreachta.

Cartaí Oidhreachta ar díol Ar Líne

Cuireadh Cartaí Oidhreachta OOP ar díol ar líne i rith mhí Lúnasa 2020 – [heritageireland.ie/visit/heritage-card/](https://www.heritageireland.ie/visit/heritage-card/). Ní raibh na cartaí seo ar fáil roimhe seo ach amháin ó shuíomhanna cuairteoirí ina n-íoctar táillí nó ar an bhfón.

In ainneoin na srianta ar oscailt láithreán do chuairteoirí, b'údar misnigh an méid cartaí a díoladh. Díoladh 709 cárta ar líne suas go deireadh na bliana. Díoladh 72% díobh sin i mí na Nollag, 10% i mí na Samhna, 5% i mí Dheireadh Fómhair, 7% i mí Mheán Fómhair agus 7% i mí Lúnasa.

Áirithintí Ar Líne

De bharr gur dúnadh nó gur ciorraíodh roinnt láithreán do chuairoteoirí i rith na bliana, baineadh úsáid as na háiseanna ar líne go príomha chun cabhrú le bainistiú an líon daoine a ligeadh isteach ag aon am ar leith. Mar sin féin, i 2020 rinneadh tuilleadh oibreacha ullmhúcháin ionas go mbeidh na háiseanna seo ar fáil do chuairoteoirí ag na láithreáin seo a leanas amach anseo, agus beidh áirithint ar líne i bhfeidhm i suas le 14 láithreán ar fad nuair a thosóidh na gnáthsheirbhísí arís:

- Daingean Rinn Chorráin
- Ionad an Bhlascaoid



CUSPÓIR: Eolas agus scileanna a fhorbairt agus a chaomhnú maidir le tógáil thraidisiúnta, ailtireacht chaomhantais, caomhnú agus cosaint láithreán, léirmhíniú oidhreachta mar aon le bainistiú agus cúram a dhéanamh do na bailiúcháin

I measc na bpríomhoibreacha i 2020, bhí:

Clár Printíseachta Sna Ceirdeanna

Lean Clár Printíseachta Sna Ceirdeanna OOP a réachtáladh i gcomhar le SOLAS ag forbairt agus ag déanamh dul chun cinn i 2020.

Seo a leanas na sonraí maidir le printísigh sna Seirbhísí Oidhreachta suas go Mí na Nollag 2020:

Líon.	Aonad Gnó	Ceird Phrintíseachta
1	SCT (BMS)	Siúinéir agus Saor Adhmaid
9	Séadchomharthaí Náisiúnta	Saor Cloiche agus Snoíodóir Cloch
2	Séadchomharthaí Náisiúnta	Siúinéir agus Saor Adhmaid
1	Príomh-Cheardlann Innealtóireachta, BMS	Oibrí Miotail
2	Brainse an Troscáin	Déantóir agus Críochnaitheoir Adhmaid

I rith 2020, cháiligh 4 Phrintíseach mar Shiúineirí & Saortha Adhmaid sa SCT (BMS).

I ndiaidh phróisis roghnúcháin i ndeireadh 2020, ceapfar na Printísigh seo a leanas in OOP i mí Eanáir 2021.

Líon.	Aonad Gnó	Ceird Phrintíseachta
2	Séadchomharthaí Náisiúnta	Siúinéir agus Saor Adhmaid
1	Séadchomharthaí Náisiúnta	Saor Cloiche agus Snoíodóir Cloch

Bhí feachtas ar siúl i SCT, Bhaile Átha Cliath i 2020 chun Printísigh i gceird na Siúinéireachta agus Saor Adhmaid a earcú agus táthar ag siúl go gceapfar printísigh i 2021.

Bainistiú na mBailiúchán

Is í OOP atá mar choimeádaí roinnt bailiúchán an-suntasach agus luachmhar. I 2020, d'fhostaigh OOP Cláráitheoir um Bhailiúchán Stairiúil do na Seirbhísí Oidhreachta mar chuid dár gcur chuige gairmiúil i leith ár gcuid oibre sa réimse seo.

Déanaimid cúram dár mbailiúcháin agus dár láithreáin de réir chaighdeán gairmiúil na músaem. Faoi láthair, tá ocht sealúchas de chuid OOP páirteach i gClár na Comhairle Oidhreachta um Chaighdeán Mhúsaem d'Éirinn (CCMÉ), a chuireann caighdeán ghairmiúla i gcúram bailiúchán chun cinn. Tá Baile an Chaisleáin, Farmleigh, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Caisleán Rath Fearnáin agus Scoil Éanna lán-chreidúnaithe. I 2020, d'éirigh le Príosún Chill Mhaighneann, Gailearaí na Gléibe agus Caisleán Chill Chainnigh lán-chreidiúnú a bhaint amach den chéad uair.

I dteannta an chláir chreidiúnaithe seachtrach, rinne OOP an-dul chun cinn maidir le córas nua um bhainistiú bailiúchán do Bhainistíocht na Seirbhísí Oidhreachta agus Ealaíon. Déanfaidh an áis úrscóthach seo caighdeánú ar chóras taifeadta na réad agus na ndéantán san eagraíocht, a chinnteoidh go mbeidh ardán láidir inoiriúnaithe ar fáil chun an riocht ina bhfuil réad ar leith, an áit a bhfuil sé agus aon sonraí ábhartha eile a thairfead, ionas go mbeifear ábalta rialú coimeádta níos fearr maidir leis na sócmhainní go léir atá faoinár gcúram a chur i bhfeidhm, agus go mbeidh léargas níos fearr agus níos éasca le fáil ag lucht spéise, ar nós bainisteoirí, taighdeoirí srl. orthu.

CUSPÓIR: Clú agus cáil phoiblí a chruthú agus a chothú de bharr ár sárchaighdeán i gcúrsaí oidhreachta trí chur chuige den scoth a fhorbairt i leith chaomhnaithe agus chur i láthair na Struchtúr Cosanta agus na n-eastát cultúrtha atá faoinár gcúram

Tá Seirbhísí Oidhreachta OOP freagrach as cothabháil agus creatlach na Struchtúr Cosanta agus na bhFoirgneamh Stairiúil ina bhfuil Forais Chultúir agus Ranna Stáit agus Rialtais Ionaithe.

I measc na n-oibreacha a rinneadh i 2020, rinne Seirbhísí Cothabhála Foirgníochta OOP cothabháil laethúil ar an Eastáit Stairiúil. Rinneadh mionoibreacha caomhnaithe agus uasghráidithe mar aon le tionscadail chaipitil mhóra, ina measc, oibreacha atá mar chuid de Chlár na bhForas Cultúir 2040. Chun an obair seo a chur i gcrích, fuarthas saineolas ón eagraíocht féin agus ó chonraitheoirí seachtracha chun deisiúcháin chaomhnaithe a dhéanamh ar ghnéithe riachtanacha, ar nós, díonta agus ábhair ar nós cloch agus brící, obair phlástair agus siúinéireacht ar fud an eastáit. Tá gnéithe ar leith i roinnt de na foirgnimh seo a dteastaíonn oibreacha caomhnaithe an-speisialaithe a dhéanamh orthu, mar shampla, gloine dhaite, mósáic, iarann teilgthe agus painéil adhmaid, ón ré Seirseach agus Vichteoiriach, chomh maith le foirgnimh thábhachtacha stáit ón 20ú haois.

Rinneadh oibreacha Caomhnaithe éagsúla chun creatlach stairiúil foirgneamh a chothabháil, a chosaint, a dhaingniú agus a dheisiú, mar shampla, rinneadh athchóiriú fairsing ar ingearchlónna Theach an Chustaim. Rinneadh daingniú cloch ag Geataí an Cheartais, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus deisiúcháin ar chruinneachán aitheanta na gCeithre Cúirteanna. Rinneadh oibreacha ar dhíonta Theach Laighean, an Ard-Mhúsaem agus Fhoirgneamh an Luas i bhFaiche Stiabhna.

Lean na Seirbhísí Oidhreachta ag obair ar thionscadail le comhghleacaithe i seirbhísí M&L OOP, sna Rannóga Dóiteáin agus Struchtúir, áit a raibh oibreacha riachtanacha ag teastáil chun an struchtúr stairiúil atá ann a láidriú. Rinneadh bearta dóiteán a fheabhsú ionas go mbeadh daoine níos sábháilte agus go mbeadh na foirgnimh slán agus cosanta go fadtéarmach agus rinneadh uasghráidú ar fhearaí M&L. Tosaíodh ar chlár oibreacha cosanta dóiteán i dTeach Uíbh Eachach, oibreacha ar Ionad na gCuairteoirí ag Teach an Chustaim agus uasghráidú ar na seirbhísí ag Casino, i Marino. Críochnaíodh oibreacha chun rochtain a thabhairt do chách, ina measc, uasghráidú rochtana do chathaoireacha rothaí sa Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta, 23 Sráid Chill Dara.

Chuir Seirbhísí Cothabhála Foirgníochta OOP tionscadail i gcrích go díreach, tionscadail éagsúla ar nós, suiteáil an Pangur Bán, cnuasach dealbhóireachta le Imogen Stuart, a osclaíodh i 2020 in Ionad Cuairteoirí Áras an Uachtaráin. Rinneadh obair fheistithe do rannóg um Bhainistíocht Ealaíne i Sráid na gCaorach Mór, Caisleán Bhaile Átha Cliath agus clár dúshlánach oibreacha cosanta, deiceanna oibre agus ardáin chun cnámharlaigh míolta móra ar crochadh agus eiseamail mhóra i Músaem Stair an Dúlra a bhaint anuas go sábháilte agus cuireadh áiseanna seachtracha ar fáil ionas go bhféadfaí an tionscadal uathúil seo a chur i gcrích.

Chabhraigh na Seirbhísí Oidhreachta le grúpaí eile maidir le tionscadail sa réimse poiblí, ar nós, cuireadh bealach isteach nua ar fáil ó Shráid Haiste Uachtarach go Gairdíní Uíbh Eachach agus rinneadh suiteáil ar chuimhneachán Chosantóirí an Líne Thosaigh a d'oscail Simon Coveney i mí na Nollag i nGairdín Theach Uíbh Eachach. Athosclaíodh spás taibhithe cuimhneachán WB Yeats i bhFaiche Stiabhna i mí Iúil, tar éis obair chaomhnaithe ar an dealbh *Knife Edge* de chuid Henry Moore agus rinneadh athchóiriú ar na cosáin, na céimeanna, na lochtáin agus na bealaí isteach agus amach.

Teach Laighean

Críochnaíodh Athchóiriú ar an gcuid de Theach Laighean ón ré Seirseach, i 2019. Rinneadh oibreacha éagsúla ath-imeasctha i 2020, ina measc, tugadh an Seomra Ceirmeachta, an áit a raibh an Seanad Ionaithe ar feadh tamaill, ar ais don Ard-Mhúsaem. Rinneadh cáipéisí a ullmhú do na chéad céimeanna eile d'oibreacha caomhnaithe agus deisiúcháin agus díriodh ar dtús ar chreatlach fhoirgneamh na Dála.

Tar éis don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta Clár na bhForais Chultúir 2040 a sheoladh tosaíodh ag ullmhú tionscadail oibreacha caipitil do na Forais Chultúir éagsúla a bhfuil OOP freagrach astu, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn agus leis na forais Chultúir.



Cé gur lean OOP le hoibreacha riachtanacha fabraice istigh sna foirgnimh seo, caithfear féachaint air seo i gcomhthéacs na bpleananna iomlána maidir le caomhnú, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht, athmheasúnú dinimiciúil ar ról na bhfoirgneamh oidhreachta tábhachtacha seo don chéad ghlúin eile agus cosaint agus léiriú na mBailiúchán Náisiúnta. Cuireadh roinnt tionscadal agus tionscnamh aonair chun cinn i 2020.

Músaem Stair an Dúlra

I 2020, leanadh ar aghaidh le hoibreacha cumasaithe chun taispeántais Stair an Dúlra a bhaint anuas, sula dtosófar na hoibreacha athfheistithe atá beartaithe. B'obair chasta a bhí i gceist anseo, ar nós, na cnámharlaigh míolta móra nár bogadh ó suiteáladh iad (i 1909 ar a dhéanaí) a aistriú. Táthar ag oscailt agus ag imscrúdú an dín chun eolas a fháil maidir leis an díon agus táthar ag déanamh moltaí do thionscadal na n-oibreacha caipitil chun an Músaem a athchóiriú go hiomlán.

Músaem Náisiúnta Ailtreachta

Críochnaíodh an chéad chéim de na hoibreacha ar an díon agus oibreacha sábháilteachta i 2020. Tá dul chun cinn déanta ar ullmhúchán don dara céim um Dheisiúcháin an Rotunda agus ar uasghrádú inmheánach eile agus táthar ag fanacht anois go maolófar Srianata Covid chun leanacht le hoibreacha ar an láithreán. Tá Straitéis an Tionscadail Chaipitil maidir le caomhnú iomlán fabraice, inrochtaineacht agus seirbhísí agus cur i láthair bhailiúcháin an mhúsaem ag an gcéim réamhphleanála.

Leabharlann Náisiúnta

Críochnaíodh imscrúduithe (2ra Céim) an tionscadail Athshamhlaithe na Leabharlainne Náisiúnta i 2020, rud a chuidigh le hullmhúchán na gcáipéisí i gcomhair na gcéad chéimeanna eile, Conradh d'Fhabraic Seachtrach an Sciatháin Thiar agus an síneadh atá le cur leis agus spásanna do thaispeántais phoiblí, áiseanna agus rochtain oiriúnach do chách. Leanadh le hoibreacha cumasaithe eile chomh maith ionas go mbeidh an Leabharlann ábalta feidhmiú le linn na bpríomhoibreacha tógála.

An Gailearaí Náisiúnta

Leanadh le clár de mhíon-oibreacha uasghrádaithe in ionad an Ghailearaí Náisiúnta i rith 2020. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na chéad chéimeanna eile de mhíon-oibreacha caipitil atá beartaithe don Ghailearaí.

Gailearaí Crawford

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ina cheannródaí maidir le Clár Náisiúnta Infheistíochta na bhForas Cultúir de bharr an dul chun cinn atá déanta le bliain anuas. Is é an chéad Fhoras Cultúir a bhunaigh Grúpa Stiúrtha agus a chomhaontaigh Meabhrán Tuisceana tríthaobhach le hOOP agus leis an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Is í an chéad chéim shuntasach eile sa tionscadal seo ná an Cás Gnó Deiridh a chur i gcrích, agus chuige seo tá comórtas earcaíochta ar bun faoi láthair chun Seirbhísí Foirne Dearaidh Comhtháite faoi stiúir Ailtire a cheapadh le haghaidh Ghailearaí Ealaíne Crawford agus an Réimse Poiblí ina thimpeall. Táthar ag súil go ndéanfar an ceapachán seo go luath sa dara leath den bhliain.


An Ceoláras Náisiúnta

Tá cás gnó tionscadal athfhorbartha an Cheolárais Náisiúnta beagnach críochnaithe. D'ullmhaigh OOP dréachtscéim de na roghanna éagsúla don chás gnó. Rinneadh imscrúdú agus oibreacha oscailte suntasacha ar an láithreán sa dara leath de 2020 chun creatlach stairiúil agus sláine struchtúrach na ngnéithe foirgníochta éagsúla ar an láithreán a mheas. Fostaíodh seirbhísí speisialtóra chun riocht agus deisiúchán na (façade) n-aghaidheanna plástair, cloiche agus brící a mheas mar aon leis na fuinneoga stairiúla agus an díonsoilsiú, riocht an adhmaid sa díon agus sna hurláir agus an fhadhb le taise san íoslach a iniúchadh. Rinneadh suirbhé topagrafach agus tomhaiste iomlán ar an bhfoirgneamh agus tá samhail Revit mhionsonraithe den ionad á ullmhú. Ceapadh na comhairleoirí amharclainne agus fuaime (Theatre Project & Sound Space Vision) le hobair a dhéanamh ar an tionscadal an mhí seo. Meastar go gcuirfear an cás gnó i gcrích le linn na míosa seo chugainn.

Seirbhísí Oidhreacht atá ag Dul ar Aghaidh – Tionscadail Seirbhísí Caomhnaithe agus Cothabhála Foirgneamh:

I rith 2020, leanadh den obair, ag cloí le bearta Covid-19 an Rialtais, ar roinnt tionscadal caomhnaithe, daingnithe, deisiúcháin agus sláinte & sábháilteachta ag láithreáin OOP. Ina measc, bhí:

- Caisleán Bhaile Átha Cliath, an Túr Taifeadta, Gates of Justice, Bloc M, san áireamh
- Teach Uíbh Eachach; Cuimhneachán Chosantóirí an Líne Thosaigh, san áireamh
- Na Ceithre Cúirteanna, Cruinneachán, díon Chúirt Shráid na Seansaireachta, san áireamh
- Teach Laighean
- Teach an Chustaim (Athchóiriú Ionad nua do Chuairteoirí, san áireamh)
- Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann
- Tithe an Rialtais
- 23 Sráid Chill Dara
- Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Dún Uí Choileáin
- Músaem Stair an Dúlra
- An Leabharlann Náisiúnta
- Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Casino i Marino
- Cúirt Ioma
- Geataí Pháirc an Fhionnuisce
- Faiche Stiabhna; Athchóiriú ar Chuimhneachán Yeats agus Oibreacha ar Dhíon na leithreas i bhfoirgneamh an Luas
- Gáirdíní Uíbh Eachach; bealach nua isteach ag Sráid Haiste
- Gáirdíní Cumhneacháin Cogaidh
- Másailéam Heywood



4.4 Seirbhísí Corparáideacha

Is é ról Rannán Seirbhísí Corparáideacha OOP ná tacaíocht éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil ionas go mbeidh ar chumas na heagraíochta i gcoitinne ár gcuspóirí straitéiseacha gnó a bhaint amach. Cuidíonn na Seirbhísí Corparáideacha leis na rannáin de chuid OOP le hiad féin a chur in oiriúint agus dul i ngleic le dúshláin éagsúla inmheánacha agus sheachtracha a thagann chun cinn. Tá ocht nAonad Gnó i gceist maidir leis na Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Cumarsáid, Preasoifig, Airgeadas, TFC, Córais um Bhainistiú na nEastát, Aonad Beartais agus Foilseachán Rialtais agus Seirbhísí Toghcháin.

Is é cuspóir na Seirbhísí Corparáideacha ná feabhas a chur ar fheidhmiú ár ndualgas maidir le seirbhís phoiblí, trí thacaíocht agus oiliúint chuí agus forbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann oibre.

Cuireadh réimse leathan tacaíochta ar fáil i 2020, ina measc:

- Chuir rannán na nAcmhainní Daonna (AD) a lán tacaíochta ar fáil d'fhostaithe agus do bhainisteoirí ar ghá dóibh dul i dtaithe ar bhealaí nua oibre le linn na leibhéil éagsúla de shrianta Covid-19. Cuireadh tacaíocht ar fáil do na baill foirne sin a aithníodh mar oibríthe riachtanacha agus mar bhaill foirne a raibh orthu tosú ag obair ón mbaile, araon.
- Thacaigh AD le forbairt agus le feidhmiú Staffwise, tionscnamh comhoibríthe trasfheidhmiúil a d'fhorbair an foireann bainistíochta sonraí um Bhainistiú Riosca Tuile agus a ullmhaíodh chun dul i ngleic le géarchéim Covid-19, chun a chur ar chumas na foirne a suíomh oibre a logáil. Ainmníodh Staffwise do Ghradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse.
- Bogadh earcaíocht agus roghnú ar líne, láithreach, de bharr go raibh ar bhaill foirne dul i mbun cianoibre, agus i dteannta próisis nua roghnúcháin, laghdaíodh amlínte agallaimh ó thréimhse sheachtainí go tréimhse roinnt laethanta.
- I rith 2020, leanadh ag cur tacaíochta ar fáil do riachtanais ghairmiúla agus phearsanta na foirne trí imeachtaí agus acmhainní oiliúna a chur ar fáil go fíorúil ar líne.
- Reáchtáladh tionscnaimh folláine agus rannpháirtíochta ar líne i rith na bliana, ina measc, imeachtaí an Chlub Sóisialta, cothú sláinte agus Cruinniú Nollag fíorúil.
- I 2020, lean an Oifig ag tacú agus ag cosaint comhionannais agus cearta daonna ár bhfoireann oibre trí pholasaithe comhionannais Bhainistíocht Acmhainní Daonna, cláir oibre agus ár samhail Comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm.

Na príomhspríocanna a baineadh amach i réimse Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

- Seirbhísí oibre cumaisc (ina measc físchomhdháil deisce, ríomhairí glúine, gléasanna soghluaiste srl.) a sholáthar d'fhoireann OOP chun a chur ar chumas na foirne a gcuid oibre a dhéanamh ón mbaile le linn phaindéim Covid-19.
- Sonraíocht agus feidhmiú gach seirbhís TFC in oifig nua atá beartaithe i mBaile Átha Cliath d'OOP, ag 1GQ.
- Cleachtadh soláthair a chríochnú agus páirt de sheirbhís nua Cumarsáide Aontaithe a fheidhmiú (8X8).
- Pleanáil chun bonneagar tábhachtach TFC a athlonnú san Ionad Sonraí Ioncaim.
- Uasghrádú ar an bPríomhchóras párolla.
- Cleachtadh soláthair do Sheirbhísí Priontála Bainistithe curtha i gcrích
- Cuidiú leis na Seirbhísí do Chuariteoirí le Suíomh Gréasáin nua Oidhreacht Éireann a chur ar fáil.
- Tionscadail phiolótacha éagsúla iniúchta ar láithreáin, iniúchtaí ar chrainn, anailísíocht sonraí srl.
- Teicneolaíocht seimineár gréasáin a úsáid le haghaidh seimineár agus comhdhálacha foirne.

Príomhspriocanna a bhain Aonad na Cumarsáide amach:

- Suirbhé cumarsáide foirne
- Foilsíodh ceithre eagrán den iris inmheánach, 'Obair' de chuid OOP
- Polasaí meán sóisialta OOP curtha i gcrích
- Ollchlár poiblí OOP agus taighde um pháirtithe leasmhara curtha i gcrích
- Tionóladh 4 cheardlann meán sóisialta
- Oiliúint i gcomhair fhísleiríthe
- Anailís agus tuairisciú meán curtha i gcrích
- Tháinig méadú as cuimse ar staitisticí a bhain leis na meáin shóisialta
- I 2020, sháraigh na meáin shóisialta na meáin thraidisiúnta den chéad uair
- Tháinig laghdú mór ar fhoilseacháin na meán traidisiúnta, go háirithe foilseacháin réigiúnacha agus tuaithe ar chuir Covid-19 isteach go mór orthu.

Achoimre ar Thuarascáil Bhliantúil um Rialachas

Caighdeán um Rialachas Corparáideach Ullmhaíodh Creat Rialachais OOP de réir na bprionsabal agus na riachtanas atá leagtha amach sa [Chaighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís](#).

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cláraíonn comhaltaí boird agus baill foirne ainmnithe a leasanna i ngnóthais eile i ndearbhú bliantúil faoin Acht seo. Ní ghlacann Oifig na nOibreacha Poiblí le cleachtais éillitheacha.

Acht um Nochtadh Cosanta 2014 De réir Alt 21 (1) den Acht, tá beartas um nochtadh cosanta ó bhaill foirne atá, nó a bhí, fostaithe ag OOP i bhfeidhm agus an chaoi le déileáil le nochtadh den sórt sin. Ní bhfuair OOP aon nochtadh cosanta sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020.

Coinbhleachtaí Leasa Tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag OOP chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa, a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás ball foirne agus bhaill an Bhoird Bainistíochta. Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, d'fhoilsigh OOP liosta dá gcuid oifigeach poiblí ainmnithe mar atá riachtanach faoi Alt 6 (4) den Acht sin.

Cumarsáid Tuigean OOP an gá atá le comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara. Cuireadh breis acmhainní ar fáil don rannán cumarsáide agus don Pheasoifig, go háirithe i bhfianaise an tábhacht a bhain le cumarsáid inmheánach de bharr shrianta phaindéim Covid-19.

Róil na nAire agus na hArd-Bhainistíochta & Sannadh Freagrachtaí I mí Iúil, ceapadh an tAire Stáit, Patrick O'Donovan, TD, mar an tAire atá freagrach as Oifig na nOibreacha Poiblí.

Bainistíú Fáisnéise Tá Oifigeach Cosanta Sonraí in OOP agus cuirtear oiliúint ar an bhfoireann maidir le riachtanais chosanta sonraí, mar fhreagra ar cheisteanna agus trí fhíseáin faisnéise, pholasaithe agus dhoiciméid eile atá ar fáil ar inlín OOP.

Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile

Bord Bainistíochta (BB) Tá an Cathaoirleach, beirt Choimisinéirí, Stiúrthóir um Bhainistíú an Riosca Tuile, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Ceannasaí Pleanála agus Bainistíocht Eastáit agus an tAiltire Stáit mar bhaill den Bhord Bainistíochta.

Iníúchadh, Dearbhuithe Agus Socruithe um Chomhlíonadh

Iníúchadh Inmheánach Tá Aonad Iníúchta Inmheánaigh (IAU) ainmnithe ag OOP, a chuireann dearbhú neamhspleách oibiachtúil ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar luach oibríochtaí OOP agus cur lena luach.



Iníúchadh Seachtrach Déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OCAG) iníúchadh ar chuntas leithreasa Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí, faoi alt 3 den Acht Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Seirbhísí Comhroinnte Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na seirbhísí comhroinnte litir dhearbhair ar fáil maidir leis na socruithe um rialú agus iníúchadh inmheánach chomh maith le tuairiscí ar na hiniúchtaí ar oibríú rialuithe le linn 2020.

Ráiteas um Rialú Inmheánach Déanann Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta um Rialú Inmheánach a foilsíodh sa Chuntas Leithreasa Bliantúil, cur síos ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag OOP. Tá Ceannasaí na Seirbhísí Airgeadais, baill an Bhoird Bainistíochta agus Bainisteoirí Sinsearacha freagrach as a chinntiú go bhfuil córais agus rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm chun dearbhú réasúnach a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta ar ábhair den chineál sin.

Comhlíonadh an Chóid Caiteachais Poiblí (CCP) Faoin CCP, ní mór d'OOP a chinntiú go mbítear cúramach le cistí poiblí agus go bhfaightear an luach is fearr ar airgead. Chuir an Oifig Tuarascáil Dearbhaithe Cailíochta bhliantúil le chéile chun comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí a mheas.

Bainistiú Riosca Is cuid bhunúsach de Rialachas Corparáideach OOP é an bainistiú riosca agus tá sé rithábachtach chun torthaí straitéiseacha a bhaint amach. I 2020, rinne OOP uasdátú ar a Beartas um Bhainistiú Riosca chun Pleananna Leanúnachais Gnó athbhreithnithe a thabhairt isteach agus tugadh isteach clár r-Rioscaí i gcomhar leis an OPOFR (Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais).

Sláinte agus Sábháilteacht Tá an OOP tiomanta sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus trí chloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus le cóid chleachtais agus treoirlínte ábhartha, mar is cuí.

Maoirseacht ar Ghnáthaimh Soláthair I 2020, bunaíodh rannán comhairleach soláthair nua san Aonad Rialachais agus Luachála chun cabhrú agus tacú le foireann na hOifige rialacha soláthair Eorpacha agus Náisiúnta a chomhlíonadh, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus feidhmíocht soláthair ar fud na hOifige agus chun cur le rannpháirtíocht idir iad féin agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) le gnáthaimh soláthair a fheabhsú agus úsáid éifeachtach a bhaint as creatáil.

Clár Conarthaí OOP

Ag deireadh na bliana 2020, bhí breis agus 728 conradh le luach de €264,185,586 cláraithe ar an gClár Conarthaí.



OPW